Ag Bailiú agus ag Caomhnú an Bhéaloidis agus Stair ó Bhéal

Teicníochtaí Bunúsacha

Comhairle Chontae na Gaillimhe &
Fóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe

Gníomhaíocht de chuid *Phlean Oidhreachta Chontae na Gaillimhe 2004-2008*

Ag Bailiú agus ag Caomhnú an Bhéaloidis agus Stair ó Bhéal

Teicníochtaí Bunúsacha

Le

Comhairle Chontae na Gaillimhe, Fóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe
Gníomhaíocht de chuid *Phlean Oidhreachta Chontae na Gaillimhe 2004-2008*

Foilsithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe 2006

© Comhairle Chontae na Gaillimhe & Fóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe
Áras an Chontae
Cnoc na Radharc
Gaillimh

Gach Ceart ar Cosaint

Ní féidir aon chuid den fhoilseachán seo a ath-tháirgiú nó a thraschur ar aon bhealach gan cead scríofa Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Fóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe.

ISBN: 0953553868

Buíochas:

Rinne an Grúpa Stiúrtha Béaloidis an foilseachán seo a sholáthar agus is iad seo a leanas na baill:
An tUas. Christy Cunniffe, Fóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe
An tUas. Paul Gosling, Institiúid Theicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo
Marie Mannion, Uas., Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe
An tUas. Seán McLochlainn, Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe
Patria McWalter, Uas., Cartlannaí, Comhairle Chontae na Gaillimhe
An tUas. Séamas Ó Concheanainn, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh
An tUas. Páid Ó Neachtain, Oifigeach Forbartha na Gaeilge, Comhairle Chontae na Gaillimhe
Louise Ryan, Uas., Fóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe

Foilsithe ag: Comhairle Chontae na Gaillimhe & Fóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe

Téacs: Patria McWalter

Bainisteoirí an Tionscadail: Marie Mannion & Páid Ó Neachtain

Grianghraif: Cartlanna Chomhairle Chontae na Gaillimhe
Patria McWalter, Marie Mannion
Jim Higgins, Ireland West Tourism
Free ClipArt
(fanann cóipcheart na ngrianghraf leis an úinéir)

Dearadh & Leagan Amach: Patria McWalter, Marie Mannion, Páid Ó Neachtain, Swift Print & Design

Foireann Eagarthóireachta: Fóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe, Grúpa Stiúrtha an Bhéaloidis

I gcló: Swift Print & Design

Clár

Réamhrá iii

Brollach vi

Teachtaireacht ó Mhéara Chontae na Gaillimhe vii

ACHOIMRE AR AN BPRÓISEAS BAILIÚCHÁIN viii

ROINNT SAINMHÍNIÚCHÁIN 1
Céard é an Béaloideas? 1
Céard í an Stair ó Bhéal? 3

ULLMHÚCHÁN 6
Roghnaigh do Thogra 6
Déan forbairt ar Phlean Oibre agus Buiséad 8
Bailigh Eolas Cúlra 10
Cruthaigh Ceistneoir 11
Cruthaigh Liosta Agallaithe 12

TREALAMH 14
Sracfhéachaint ar an Teicneolaíocht 14
Trealamh Taifeadta 17
Meáin Stórála 20
Trealamh Breise 21

CÓIPCHEART AGUS COSAINT SHONRAÍ 25
Píosaí ó Reachtaíocht 26
Glantachán Cóipchirt 29
Cead Eolach 30
Foirmeacha Ábhartha 30

AGALLAIMH.....32
Roimh Agallamh.....33
An tAgallamh.....36
Tar éis an Agallaimh.....41

TRASCRÍOBH & FOILSIÚ.....42
Trascríobh.....42
Foilsiú.....46
Eagarthóireacht.....46

CÚRAM DO DO CHUID MEÁN AGUS CARTLANNÚ.....48
Straitéisí Caomhnaithe.....50
Metadata.....52
Cúram agus Láimhseáil do mheán Dlúthdhiosca.....53
Cúram agus Láimhseáil do Théipeanna.....54
Achoimre.....55

AGUISÍNÍ.....56
Aguisín A: Foirm Cheada.....57
Aguisín B: Nóta Imréitigh.....58
Aguisín C: Foirm Imréitigh.....59
Aguisín D: Comhaontas Taisce - Taifeadadh Béil.....60
(lena n-áirítear Cead Eolach agus dáileadh cóipchirt)
Aguisín E: Achoimre Diosca/Téipe.....61
Aguisín F: Liosta Diosca/Téipe.....62
Aguisín G: Téarmaíocht.....63
Aguisín H: Teagmhálaithe Úsáideacha.....65
Aguisín I: Roghnaigh Leabharliosta.....68

Réamhrá

Is obair thábhachtach agus thaitneamhach atá i gceist le bailiú agus caomhnú stair ó bhéal agus béaloideas. Tá scéal le hinse ag gach duine agus tá sé tábhachtach go mbailítear an t-eolas seo mar gur féidir leis léargas luachmhar a thabhairt dúinn faoin saol atá imithe. Is féidir linn cinntiú, trí ábhar mar seo a bhailiú agus a chaomhnú, nach ligfear scéalta an 'ghnáthdhuine' inár bpobal i ndearmad, agus go ndéanfar iad a scríobh isteach in ár stair le himeacht ama. Is ábhar uathúil é seo mar go dtugann sé léargas dúinn ar dhaoine ó chúlraí, chultúir agus creidimh éagsúla. Tugann cuntais 'finné-súl' faoi imeachtaí áitiúla agus náisiúnta léargas daonna dúinn faoi mhothúcháin agus atmaisféar a fhágtar ar lár go minic sna leabhair staire agus a ligtear i ndearmad. Mar shampla, d'fhéadfá scéal seanmháthar faoina saol caoga bliain ó shin, ag cuimhne ar an gcéad uair a las sí solas leictreach, nó ag breathnú ar fhear ag siúl ar an ngealach ar an teilifís, na híomhánna i scéal agus leabhair scoile a garpháiste a thabhairt chun beochta agus níos mó brí a thabhairt don leanbh.

Is féidir le macnamh ar agus insint do scéil a bheith thar a bheith teiripeach, go háirithe don ghlúin níos sine. Cumasaíonn sé daoine le bheith rannpháirteach sa phróiseas chun taithí a saol agus na himeachtaí a chuaigh i bhfeidhm orthu, a dhoiciméadú. Bíonn sé mar chuid den phróiseas leighis do chuid de na daoine, cuimhne ar imeachtaí nach rabhdar in ann caint faoi roimhe seo, mar shampla ag troid in aghaidh clainne agus cairde le linn an Chogaidh Chathartha, nó timpiste báid, b'fhéidir.

Is obair uasal í na cuimhní seo a bhailiú. Is féidir leis a bheith mar dhúshlán freisin.

Tá stair ó bhéal, béaloideas agus na healaíona agus na nósanna béil an-tábhachtach do mhuintir na hÉireann, agus is cuid inbhraite iad den staidéar áitiúil agus dár gcultúr.
Ba cheart go dtuigfeadh díograiseoirí príobháideacha nó eagraíochtaí níos mó, fiú, atá i mbun bhailiúcháin nach mbeidh luach agus aird ar a gcuid oibre ach amháin má dhéantar iad a fhoilsiú, agus freisin má dhéantar an bunábhar (nó cóipeanna) a bailíodh a chur i dtaisce le cartlann aitheanta áit a dhéanfar iad a chaomhnú go deo. Milltear go leor obair bhailiúcháin luachmhar de bharr easpa ullmhúcháin, trealamh bocht, agus easpa pleanála fadtéarmaí.
Is féidir dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le bailiú agus caomhnú ceart ar stair ó bhéal le hullmhúchán maith. Tá sé tábhachtach freisin cuimhneamh nach taifead comhaimseartha atá

sna cuimhní cinn seo ach cuimhní gafa, go minic i bhfad tar éis na himeachtaí atá i gceist leo. Tá sé riachtanach mar sin a bheith aireach faoi aon mhíchruinneacht, buntáiste breathnú siar, agus dar ndóigh, claonadh pearsanta, nuair atá míniú á bhaint ón ábhar. Caithfear reachtaíocht bainteach le cóipcheart agus cosaint shonraí a chur san áireamh freisin. Chomh maith leis sin, tá dualgas mórálta ar an mbailitheoir meas a bheith aige/aici ar chuimhní na scéalaithe, agus príobháideachas agus dínit na ndaoine atá luaite ina scéalta, agus iad a chosaint, agus iomláine an ábhair bhailithe a chinntiú.

San am seo atá de shíor ag athrú, nuair atá scéalta ár sinsear á ligint i ndearmad go tapa agus á gcailleadh, tá an rud céanna ag tarlú den trealamh agus an teicneolaíocht atá in úsáid reatha, freisin. Bíonn trealamh ag dul as dáta go tapaidh agus d'fhéadfadh sin a bheith mar bhac do chaomhnú agus cartlannú an méid atá bailithe. Tá sé riachtanach, mar sin de, cinntiú, is cuma cé hiad na meáin a úsáidtear sa phróiseas bailiúcháin, gur féidir iad a chaomhnú agus go mbeidh siad inrochtana ag glúnta na todhchaí. Tá sé tábhachtach, chun torthaí fiúntacha a bhaint amach agus síntiús buan a dhéanamh d'ár bhfoinsí faoin am atá thart, gur ar bhealach córasach a rachfar i mbun phróiseas an bhailiúcháin agus an chaomhnaithe agus go mbeidh sé de réir thacar simplí caighdeáin agus treoirlínte.

Tá na treoirlínte seo ann chun cabhrú leo siúd ar mian leo tabhairt faoi stair ó bhéal agus béaloideas a bhailiú agus a chaomhnú ar bhonn amaitéarach. Ba cheart go gcabhródh sé le bailitheoirí macnamh a dhéanamh ar na céimeanna riachtanacha éagsúla agus a n-intinn a dhíriú ar an ngá le hullmhúchán, agus iad a threorú tríd an bpróiseas bailiúcháin. Níl sé i gceist gur liosta cinntitheach é seo ach liosta seiceála simplí agus achoimre ar na pointí ar cheart coinneáil i gcuimhne.

Tá níos mó agus níos mó tóir ar staidéar béaloidis agus stair ó bhéal, agus i roinnt cásanna déantar é ar bhonn gairmiúil lán-aimseartha, faoi chúram shocheolaithe den chuid is mó. Breathnaítear ar agallaimh thraidisiúin bhéil mar thaighde eolaíochta i roinnt tíortha, mar shampla Ceanada, áit a bhfuil gá le ceadúnas faoin Acht Eolaithe na gCeantar san Iarthuaisceart, sula ndéantar agallamh ar bith sna Ceantair.

Cibé acu an mbailíonn lucht gairme nó amaitéaraigh béaloideas agus an stair ó bhéal, ba cheart go mbeadh roinnt tuisceana nó eolais ag na bailitheoirí ar fad faoin tréimhse ama atá á phlé agus ba cheart go mbeadh ceisteanna ullmhaithe acu roimh na hagallaimh.

Déanann cóipcheart, príobháideachas agus dlíthe eile rud casta as an mbailiú, agus ba cheart go mbeadh tuiscint dhomhain ag taighdeoirí faoi chéard atá i gceist sula ndéanann siad aon iarracht taifeadadh dáiríre nó acadúil a dhéanamh ar an stair ó bhéal.

Ní théann na treoirlínte seo isteach go mion in impleachtaí na gceisteanna seo, ach breathnaítear ar chéard a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Tá go leor foinsí agus cúrsaí ar fáil faoin ábhar, le go leor eolais eile ar fáil ar an Idirlíon. Tá liosta gearr d'fhoinsí roghnaithe tugtha ag deireadh an leabhráin seo.

Chuir Fóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe an foilseachán seo ar fáil agus é maoinithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus ag an gComhairle Oidhreachta, faoi scáth *Phlean Oidhreachta Chontae na Gaillimhe 2004-2008*. Eagraíodh sraith léachtanna, *Béaloideas Búnasach*, i bhFómhar 2005 mar aitheantas ar an spéis atá ann maidir le Bailiú agus Caomhnú an Bhéaloidis agus Stair ó Bhéal i gContae na Gaillimhe. Is í aidhm Fhóram Oidhreachta an Chontae nó cabhrú leis an mbailitheoir, go háirithe iad siúd atá ag obair le taifeadadh fuaime, chun modheolaíocht a fhorbairt a chabhróidh chun cinntiú go mbeidh luach leanúnach lena gcuid bailiúcháin, agus go ndéanfar iad a chaomhnú i gceart agus go mbeidh siad inrochtana do ghlúnta na todhchaí.

Fóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe
2006

Brollach

Tugadh réimse leathan sainchúramaí don Chomhairle Oidhreachta, faoin Acht Oidhreachta 1995, tabhairt faoi chineálacha éagsúla oidhreachta agus saincheisteanna éagsúla oidhreachta, ina measc, seandálaíocht, ailtireacht, fiadhúlra, tírdhreach agus uiscebhealaí. Níor pléadh le roinnt gnéithe d'ár n-oidhreacht choiteann, áfach, an litríocht agus ceol ach go háirithe. Ach fós féin bíonn an Chomhairle freagrach as na réimsí seo trí na cleachtais chaomhnaithe is fearr agus sochar bailiúchán a chur chun cinn. Bhí ar an gComhairle a bheith gníomhach as cúram na mbunábhar, a bhaineann leis na foirmeacha ealaíne clúiteacha seo, a spreagadh. Thacaigh an Chomhairle le hathchóiriú nó athmháistirchóipeáil luath-thaifeadtaí, agus taisce agus athchóiriú lámhscríbhinní litríochta le blianta anuas, tríd a Scéim Dheontais Bhliantúil ach go háirithe. Léiríonn tograí mar seo; má chuirtear san áireamh iad le fís na Comhairle maidir le bailiúcháin chartlainne Éireannaí; an gá atá ann an-aire a thabhairt don bhunábhar, atá mar bhunchloch phróiseas na staire. Ach d'fhéadfadh an bhéim ar an méid atá inbhraite dallamullóg a chur ort, mar nach gcuireann sé tionchar go leor daoine agus i dtradisiúin neamhliteartha, na Maoraigh sa Nua-Shéalainn, na hInuit i gCeanada, san áireamh, rud a shéanann bailíocht chultúr iomlán. Níl an neamart seo ach á cheartú anois le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí cosúil le UNESCO maidir le tábhacht na hOidhreachta Inbhraite. Tá ról ag an gComhairle Oidhreachta maidir leis an bhfeasacht mhéadaithe seo freisin.

Cé gur féidir leis an táirge deireanach a bheith inbhraite go leor is féidir le Stair ó Bhéal a bheith éalaitheach. Níl bunchospóir ar bith aige ná tada inbhraite ag baint leis. Mar a chan na mná rialta maithe faoi Maria sa *Sound of Music* ' Cén chaoi ar féidir breith ar ga ghealaí i do lámh? 'Ach is iad na gathanna gealaí gaoise agus léargais, atá bainteach leis an stair ó bhéal, a léiríonn taithí ar bhealach nach féidir leis an gcineál doiciméadú a thaithníonn le stáraithe. Cé nach bhfuil an Chomhairle Oidhreachta in ann tograí dá leithéid a chur i gcrích, is féidir léi an cleachtas is fearr a chur chun cinn maidir le bailiúchán sonraí agus an cúram ceart do thaifeadtaí agus eolas atá bailithe. Seo éacht foilseacháin den chineál seo, ceann de go leor ag leibhéal áitiúil ag a bhfuil feidhmíocht agus úsáideacht níos forleithne.

Tá sé i gceist ag an gComhairle, tar éis rathúlacht agus impleachtaí Lá Polasaí faoi thodhchaí na gCartlann Éireannach (Meán Fómhair 2005), tiomantas a mhéadú maidir le tacú le sochar agus cur chun cinn bhailiúcháin na gcartlanna Éireannach. Beidh an Chomhairle nua, a d'fhógair an tUas. Dick Roche, an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, le déanaí, onnghníomhach maidir leis seo. Is spreagadh atá i dtograí cosúil leis seo maidir leis an méid is féidir baint amach sa réimse seo.

Dr. Hugh Maguire, Oifigeach Iarsmalainne & Cartlainne, An Chomhairle Oidhreachta.

Teachtaireacht an Mhéara



Tá saibhreas oidhreachta le fáil in ár gContae mór agus éagsúil, agus tá sé mar dhualgas orainn, eolas a chruthú ar an sochar luachmhar seo. Ní mór dúinn comhoibriú le chéile freisin chun an acmhainn thábhachtach seo a chosaint agus a chaomhnú. Is gné thábhachtach den oidhreacht seo an stair ó bhéal agus an béaloideas.

Tuigtear chomh deacair is atá sé teacht ar eolas, traenáil agus fios faoi chonas stair ó bhéal agus béaloideas a bhailiú. Chinn Fóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe cúrsaí a fhorbairt ar Réamhrá an Bhéaloidis. Bhí siad seo ar siúl sa Chontae i 2005 agus cuireadh i láthair iad i nGaeilge agus i mBéarla. D'fhreastail corradh le céad duine ar na cúrsaí ar fad. Cinneadh ansin oibriú ar an fhoilseachán béaloidis agus staire ó bhéal seo, chun cabhrú le daoine tionscadail bhéaloidis agus staire ó bhéal a ghlacadh as láimh. Is rud inspreagtha agus iontach é go bhfuil spéis shláintiúil ag fás i gcónaí sa Chontae maidir le bailiú ár stair ó bhéal agus ár mbéaloideas. Tá suim ann foghlaim conas ábhar a bhailiú agus a chaomhnú ar an mbealach cuí, agus táthar ag súil go mbeidh an foilseachán seo mar threoir thagartha leanúnach dóibh siúd a chinneann ar bhéaloideas agus stair ó bhéal a bhailiú agus a chóimheasadh. Táthar ag súil freisin go leanfar é mar theimpléid faoin gcur chuige is fearr, sa chaoi go mbeidh torthaí na hoibre ar ardchaighdeán agus go mbeidh siad mar shíntiús fiúntach in ár gcuid cartlanna béil.

Léiríonn an foilseachán 'conas' seo an gá atá le hullmhúchán roimh thabhairt faoi thogra bailiúcháin. Tugann sé treoir freisin faoin mbealach le hagallaimh a dhéanamh, aibhsíonn sé a bheith aireach faoi reachtaíocht, mar chóipcheart, agus níos tábhachtaí fós, chomh riachtanach agus atá sé an t-eolas taifeadta a chaomhnú agus a chartlannú ar son eolas agus taitneamhacht na nglúnta sa todhchaí. Faoi mar a thuigfeá ón teideal is cur i láthair simplí, ach fós cuimsitheach atá anseo faoi na Teicnicíochtaí Bunúsacha cuí agus táthar ag súil go mbeidh sé mar chatailís chun léamh agus scrúdú breise a dhéanamh.

Bhí go leor daoine rannpháirteach sa tionscnamh seo, Grúpa Stiúrtha Béaloidis Fhóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe ach go háirithe. Tá an-áthas orm go bhfuil an leabhar seo foilsithe anois nuair atá spéis ag fás agus an gá ann ár n-oidhreacht a chosaint. Ba mhaith liom onóir a thabhairt do mo réamhtheachta an Comhairleoir Pat Hynes, a bhí ina Mhéara Contae i 2005 – 2006. Is faoina choimirce siúd a thionscain an tionscadail. Guím gach rath oraibhse ar fad atá ag tabhairt faoi bhailiúchán agus chaomhnú ár staire ó bhéal agus ár mbéaloideas, agus tá mé ag súil go mbainfidh sibh an-sult as an taithí.

An Comh. Michael Mullins
Méara Chontae na Gaillimhe 2006

ACHOIMRE AR AN BPRÓISEAS BAILIÚCHÁIN

- Déan liosta d'aidhmeanna agus cuspóirí do thogra
- Déan do thogra a phleanáil – breathnaigh ar ghnéithe mar chríochtháirgí, buiséad, poiblíocht, luacháil, pearsanra, trealamh agus scálaí ama
- Déan taighde cúlra
- Déan liosta d'agallaithe/ daoine le heolas
- Cruthaigh ceistneoir
- Cruthaigh comhaontas cóipchirt/ ceada
- Aimsigh trealamh agus cleachtaigh é a úsáid
- Socraigh agus déan agallaimh a thionóil (ag am agus suíomh atá feiliúnach do na hAgallaithe)
- Faigh Foirm Cheada ó na hagallaithe
- Déan taifead d'ainm, seoladh agus aois agus aon sonraí beathaisnéise agus gineolaíochta suntasacha de chuid an Agallaí agus déan cinnte go gcoinnítear taifead d'aon eolas breise
- Déan luacháil ar thaighde agus agallaimh, ag cur bunaidhmeanna agus cuspóirí san áireamh
- Aistrigh taifeadtaí chuig meán stórála feiliúnach (m.sh. CD, DAT nó DLT)[1]
- Trascríobh na hagallaimh
- Déan na torthaí a eagrú agus a chur i láthair – déan an críochtháirge a sholáthar
- Déan taifid agus doiciméad breise a chartlannú. Déan monatóireacht, athnuachan agus athrú ar thaifid go leaganacha nua ar bhonn leanúnach faoi mar atá sé riachtanach

[1] Féach ar an téarmaíocht sna hAuisíní

ROINNT SAINMHÍNIÚCHÁIN

Caibidil 1

"Níl aon cheart leis an mbéaloideas, macasamhail aon disciplín eile, ach amháin faoi mar a chuireann sé ar ár gcumas tuiscint níos fearr a bheith againn orainn féin agus ar dhaoine eile."[2]

Céard é an Béaloideas?

Tá sé deacair sainmhíniú a thabhairt ar an mBéaloideas, faoi mar atá ar théarmaí mar 'oidhreacht' agus 'cultúr'. Tá sé mórthimpeall orainn faoi mar atá ár n-oidhreacht agus ár gcultúr, tá sé súite isteach againn go minic, gan smaoineamh, ón gcliabhán. Baineann sé, sa chruth is buntúsaí le scéalta traidisiúnta faoi shíogaí, leipreacháin agus bean sí, agus seanchreidimh i nithe osnádúrtha agus rudaí nach raibh ann dóibh ar chorr ar bith. Baineann sé freisin, áfach, lenár seanchas clainne, amhráin agus ceol agus ealaíona traidisiúnta mar líníochtaí, potaireacht agus snoíodóireacht, gan ach a bheagán a lua. Is iad na traidisiúin agus nósanna a fhaightear in ár dteaghlaigh, pobail agus sa tsochaí fhorleathan.

Baintear úsáid as an téarma seanchas na ndaoine nó saol tíre i roinnt tíortha.

Nuair a bhí a gcomóradh dhá chéad bliain á cheiliúradh ag Stáit Aontaithe Mheiriceá i 1976, rinne Comhthionól S.A. dlí as an Acht um Chaomhnú Saol Tíre na Meiriceánach (P.L. 94-201), rud a dhéanann sainmhíniú ar saol tíre mar seo a leanas:

> "Ciallaíonn saol tíre na Meirceánach an cultúr traidisiúnta tromchiallach a roinneadh laistigh de ghrúpaí eagsúla sna Stáit Aontaithe: teaghlach, eitneach, gairmiúil, creideamh, réigiúnach; áirítear leis an gcultúr tromchiallach réimse leathan de chruthanna cruthaitheacha agus siombalacha mar shampla nós, creideamh, scil theicniúil, teanga, litríocht, ealaín, ailtireacht, ceol, spraoi, damhsa, dráma, taibhseacht deasghnáthach, obair láimhe; is ó bhéal a dhéantar an chiall a fhoghlaim, nó trí aithris, nó i gcur i láthair, agus déantar iad a chothú gan aon chabhair ó theagasc foirmiúil nó ó threoir institiúideach."

[2] Abrahams, Roger D., Journal of American Folklore 81: 157 (1968).

Is féidir an béaloideas a roinnt i gcodanna éagsúla, mar litríocht béil, nósanna sóisialta, béaloideas gairme, agus cultúr ábhartha. Áirítear le litríocht béil, finscéalta, scéalta, seanfhocail, nathanna cainte, canúintí agus amhráin tíre. Áirítear le nósanna sóisialta, nósanna pósta bainteach le hoícheanta circe agus poic, agus nósanna sochraide mar faire/tórramh. D'fhéadfadh baint bheith ag béaloideas gairme le gabha, tógáil báid, feirmeoireacht agus scéalta eile bainteach le hobair, chomh maith le tógáil tithe, tuíodóireacht agus ailtireacht tíre mar geargáil, torathar, agus dearadh eile ar fhoirgnimh, uaigheanna agus meáin eile ar a gcuirtear ealaín tíre i bhfeidhm. Baineann cultúr ábhair le cuilt, potaireacht, seodra, obair adhmaid, dealbhóireacht adhmaid agus cloiche agus ceardaíocht ghinearálta.

Cuirtear go leor den bhéaloideas ar aghaidh trí bhéal agus freisin trí mhodhanna múinteoireachta agus léiriúchán neamhfhoirmiúil, sa teach agus sa phobal mar shampla.

Is féidir béaloideas a bhailiú agus a chaomhnú ar an mbealach céanna a dhéantar stair ó bhéal a bhailiú agus a chaomhnú, sé sin, trí agallamh agus taifeadadh. Ach bíonn foghlaim ealaíona agus teicníochtaí, mar tuíodóireacht agus tógáil ballaí cloiche trí thaispeántas ó chleachtóirí traidisiúnta i gceist freisin. Is féidir na taispeántais seo a thaifeadadh ar scannán freisin, dar ndóigh.

Céard í an Stair ó Bhéal?

Séard atá sa stair ó bhéal nó cuimhní agus taithí duine nó grúpa bailithe agus taifeadta. Is é atá sa traidisiún béil nó eolas ag dul ó ghlún go glún ó bhéal (sa chaint). Is bealaí iad amhránaíocht, inse scéalta agus drámaí chun eolas a chur ar aghaidh tríd an traidisiún béil freisin. Is é an guth daonna taifeadta an príomhfhoirm de thaifeadadh stair ó bhéal. Is féidir an taifeadadh a chur i bhfeidhm ar ábhar fhoinse eolais go díreach i bhfuaim nó i bhfoirm trascríofa. Is féidir é a úsáid do chuspóirí stairiúla chun cartlann thábhachtach fhuaime a chruthú a chuireann le taifid dhoiciméadaithe chomhghnásacha.

Baineann stair ó bhéal úsáid as teicníochtaí agallaimh chun taighde agus taifead a dhéanamh ar saol, taithí, eolas agus gníomhaíochtaí gnáthdhaoine. Is féidir le taifeadadh agus caomhnú stair ó bhéal cinntiú go gcloisfear scéalta agus taithí saoil gach duine – an gnáthfhear, an ghnáthbhean agus páiste, na daoine atá ligthe i ndearmad, iad siúd ar an imeall, mar shampla mionlaigh eitneacha, na daoine dífhostaithe, daoine le míchumas agus fiú páistí – agus iad siúd nach bhfuil glór poiblí acu de ghnáth. Is féidir taifeadadh agus caomhnú a dhéanamh ar chuimní na ndaoine agus pobail chun sásamh, oideachas, taitneamhacht agus eolas chách.

Caithfear cuimhneamh gur féidir sainmhíniú a dhéanamh ar stair ó bhéal mar thaithí nó cuimhní cinn duine éigin eile. Is féidir leis an mbealach a chaith siad agus a bhreathnaigh siad ar an saol a bheith an-difriúil ó dhuine éigin eile a roinn go leor de na taithí céanna agus go leor dá saoil, bíodh an duine sin mar dheartháir, deirfiúr, fear céile nó beanchéile, nó comhleacaí oibre. Is féidir leis an mbrí a bhaineann daoine as imeachtaí agus nóiméid ama roinnte a bheith an-difriúil.

Cé nach mbíonn saol an ghnáthdhuine taifeadta nó scríofa in ár stair, go traidisiúnta, tá treocht ann anois chun tograí stair ó bhéal a fhorbairt agus iad a bhailiú agus a chaomhnú. Áirítear cúrsaí nó modúil ar bhéaloideas agus stair ó bhéal sna hollscoileanna agus coláistí náisiúnta. (féach *Teagmhálaithe Úsáideacha* san aguisín).

Tá go leor tograí móra stair ó bhéal tar éis tarlú in Éirinn le tamall anuas. Áirítear leo seo, Togra Béaloidis Uirbeach (1980-81) a rinne Roinn an Bhéaloidis Éireannaigh, in Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, BÁC. Cathair Átha Cliath agus an ceantar máguaird a bhí sa limistéar. Rinne Ballymun Regeneration Ltd. maoiniú ar Thogra Stair ó Bhéal Bhaile Muna agus chuir Eneclann Ltd. i gcrích é. Bhí an togra dírithe ar thaifeadadh agus doiciméadú a dhéanamh ar stair ó bhéal phobal Bhaile Muna agus taighde a chur ar fáil don phobal forleathan. Tionscnú Togra Béaloidis An Taobh ó Thuaidh, i gCorcaigh i 1996 mar thionscnamh de go leor grúpaí lena n-áirítear, Béaloideas, Béaloideas & Eitneolaíocht in Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Corcaigh, Northside Community Enterprises Ltd., agus Páirtíocht Chathair Chorcaigh. Déanann an tionscadal staidéar ar bhéaloideas uirbeach agus tá cartlann leathan ann de thaifeadadh fuaime, grianghraif agus ábhar eile a thagann ón togra. Is Cuimhneamh an t-ainm a tugadh don togra staire beo a tugadh faoi i 2003 agus 2004 i ndeisceart Ard Mhacha, tuaisceart Lú agus deisceart Mhuineacháin. Díríonn sé ar chartlann leathan agus leanúnach chuimhní agus taithí daoine le tamall anuas, ó luath sa 20ú aois go dtí an lá atá inniu ann, a chur ar fáil.

Tá go leor seirbhísí cartlainne údaráis áitiúil rannpháirteach freisin i mbailiú stair ó bhéal anois.

Chomh maith le bheith mar fhoinse fhoirfe eolais don staraí áitiúil agus sóisialach, agus taighdeoirí eile, is foinse shoch-theangach thábhachtach í freisin. Faoi mar a dúirt Dietrich Schüiller '*tugtar léargas iontach do ghlúnta taighdeoirí na todhchaí faoin mbealach a labhrann muid, ár bhfoghraíocht agus nathanna ár dteanga laethúil*[3].

[3] Schüiller, Dietrich (minidisk for field recording) *Applying archiving principles to data gathering*, IASA Journal 14, December 1999

Is príomhfhoinse fhianaise atá sa stair ó bhéal. Is féidir le stair ó bhéal cabhrú linn tuiscint a bheith againn faoin mbealach a mhothaigh daoine faoi rudaí a tharla dóibh ag am áirithe ina saol. I measc iad siúd a chruthaíonn agus a bhaineann úsáid as stair ó bhéal, tá staraithe, staraithe clainne agus áitiúla, iriseoirí, craoltóirí, cartlannaithe, lucht oiliúna, seandálaithe, lucht béaloidis agus socheolaithe. Tá agallaimh stair ó bhéal 'tar éis saibhriú ar leith a dhéanamh ar obair ghlún de staraithe sóisialacha, ag cur eolas ar fáil faoin saol laethúil agus léargais maidir le hintinn iad siúd ar a dtugtar "gnáthdhaoine"[4].

Is féidir stair ó bhéal a úsáid i scoileanna agus in ospidéil, i dtithe príomháideacha agus i bpobail. Is féidir leis cabhrú chun tuiscint níos iomláine a fhorbairt faoi áiteanna, daoine agus imeachtaí in ár gceantar agus contae. Is féidir leis freisin a bheith mar chineál teiripe cuimhní cinn, go háirithe do sheanóirí.

Scrúdaíonn an treoir seo na teicníochtaí atá bainteach le bailiú traidisiúin agus stair ó bhéal trí scéalta agus taithí dhaoine eile a thaifeadadh. Is féidir le húsáid fhístéip dhigiteach agus grianghraif neamhbheo a bheith i gceist le modhanna luachmhara bailiúcháin eile. Ní phléann an treoir seo na scileanna atá riachtanach chun a leithéid de threalamh a úsáid, áfach.

Cé go ndéanfar plé gearr ar chlos-trealamh, ní féidir leis an teoir seo scrúdú a dhéanamh ar na scileanna agus teicníochtaí riachtanacha go léir go mion. Moltar comhairle agus traenáil faoin úsáid agus cúram ceart do chineálacha agus sórtanna áirithe trealaimh roghnaithe a fháil, is cuma an clos-trealamh nó amharc-threalamh é sin.

[4] Shopes, Linda *Making Sense of Oral History,* http://historymatters.gmu.ed

Caibidil 2

ULLMHÚCHÁN

Ba cheart go mbeadh bailitheoir maith *"...in ann deis a thapú, a bheith réidh chun tairbhe a bhaint as aon seans chun a fhómhar seanchais a bhaint. Níor cheart go gcaillfí aon seans chun teagmhálaithe chabhracha a chruthú, nó na ceisteanna cuí a chur."*[5]

Caithfear ullmhúchán cúramach a dhéanamh nuair atá stair ó bhéal agus béaloideas, cosúil le haon togra eile, á bhailiú, agus nuair atá eolas cúlra á bhailiú roimh thosnú ar thaifeadtaí ar leith. Moltar duit comhairle agus treoir a fháil uatha siúd atá tar éis taighde dá leithéid a chur i gcrích cheana féin, agus foghlaim óna dtaithí agus a saineolas. Breathnaigh ar threoirleabhair agus ar an idirlíon chun níos mó a fhoghlaim faoi na próisis áirithe. Ná bíodh leisce ort ceisteanna a chur sula dtugann tú faoi do thaighde.

D'fhéadfadh obair ullmhúcháin chúramach cur amú ama, airgid agus frustrachas a sheachaint duit.

Roghnaigh do Thogra

Tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios agat ar dtús céard atá ar intinn agat a dhéanamh, céard iad do chuid aidhmeanna agus cuspóirí. Ba cheart duit macnamh a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

ACHOIMRE SEICEÁLA

- Roghnaigh an t-ábhar ☐
- Déan plean oibre a fhorbairt ☐
- Déan buiséad a fhorbairt ☐
- Bailigh Eolas Cúlra ☐
- Ullmhaigh ceistneoir ☐
- Ullmhaigh liosta agallaithe ☐

- Céard é ábhar, aidhm nó téama do thogra?
- Céard ar mhaith leat foghlaim ó do chuid agallaithe?
- Céard ar mhaith leat a bheith curtha i gcrích agat nuair atá an togra thart? An tuairisc, foilseachán, clár scoile é?

[5] O Súilleabháin, Seán, (1963) *A Handbook of Irish Folklore*, Folklore of Ireland Society, reprint London 1963, p xii

Níl deireadh ar bith leis an réimse d'ábhair fhéideartha, agus d'fhéadfadh aon rud a bheith san áireamh ó na himeachtaí stairiúla, le tábhacht idirnáisiúnta, náisiúnta nó áitiúil, is poiblí, go dtína sonraí is mine faoi shaol príobháideach an duine. D'fhéadfadh sé a bheith faoi ábhair, mar shampla teicníochtaí iascaireachta ar Oileáin Árann, margaí agus aonaigh i gContae na Gaillimhe, saoil i gCalaidh na Sionainne, nó rásaí capall i mBaile an Mhuilinn, nó fiú faoi shaol i dTeach Páistí an saol tuáithe in Eirínn. D'fhéadfadh go mbeadh sé de chuspóir agat taispeántas a chur ar siúl, foilseachán staire áitiúil a fhoilsiú, nó alt acadúil faoi aon ghné den tsochaí agus ansin an t-ábhar a chur i gcartlann áitiúil mar eolas agus ábhar taitneamhach ghlúnta na todhchaí.

Tá ceithre phríomhábhar déag ag Ionad Delargy Bhéaloideas na hÉireann (Roinn Bhéaloideas na hÉireann roimhe seo) i gColáiste na hOllscoile, BÁC; a bhailíonn, a rangaíonn agus a dhéanann staidéar ar gach gné de bhéaloideas na hÉireann, faoina ndéanann siad eolas a bhailiú. Is iad seo a leanas na hábhair sin:

- Socrú síos agus maireachtáil
- Slí bheatha agus tacaíocht tí
- Cumarsáid agus Trádáil
- An Pobal
- Beatha Daonna
- Dúlra
- Leigheas Tíre
- Am
- Prionsabail agus rialacha creideamh agus cleachtadh an phobail
- Traidisiún na miotaseolaíochta
- Traidisiún Stairiúil
- Traidisiún Creidimh
- 'Béal-litríocht' Phobail
- Spórt agus Caitheamh Aimsire

Déan Plean Oibre agus Buiséad a fhorbairt

D'fhéadfadh sé a bheith go maith, ag brath ar méid agus réimse do thogra, plean oibre a fhorbairt. Ba cheart go ndéanfadh seo an obair atá le tabhairt fuithí agat a imlíniú, na céimeanna bainteacha agus an méid ama a bheadh ag teastáil le haghaidh gach ceann.

D'fhéadfadh an plean oibre seo a bheith úsáideach chun an mhéid airgid a bheadh ag teastáil chun togra a chur i gcrích, a mheas. Tá réimse de chaiteachas féideartha ann, go leor de a d'fhéadfadh brath ar an méid oibre a bheadh tú ag súil le tabhairt fúithi. An mbeidh seirbhísí aistritheoirí agus trascríbhneoirí ag teastáil mar shampla? Tá sé tábhachtach cuimhne a choinneáil go mbíonn táille ar sheirbhísí mar sin go hiondúil.

Tá sé tábhachtach taifead a choinneáil faoin méid a chaitheann tú, go háirithe má tá maoiniú nó deontas á fháil ag do thogra ó ghníomhaireacht mar an Chomhairle Oidhreachta nó Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Áirítear leis na costais ✔ *Liosta Seiceála*

TÁILLÍ GAIRMIÚLA

- An bhfuil tú chun Agallóirí eile a fhostú? ☐
- An bhfuil tú chun Agallaithe a íoc? ☐
- An mbeidh ateangaire/aistritheoir uait? ☐
- An bhfostóidh tú duine éigin chun na trasrcríbhinní a chlóbhualadh? ☐
- An mbeidh ort grianghrafadóir a fhostú? ☐
- Cé a dhéanfaidh cóip de théipeanna an Agallaimh duit? ☐
- An mbeidh saineolas teicniúil breise uait? ☐

IOMPAR

- An mbeidh gá duit bád nó carr a fháil ar cíos? ☐
- An mbeidh airgead ag teastáil uait do pheitreal, ola nó páirteanna spárála? ☐
- An mbeidh airgead uait chun taisteal go dtí pobail, cumainn nó eagraíochtaí difriúla le haghaidh agallaimh nó chun do chuid torthaí a chur i láthair? ☐

TREALAMH agus ACMHAINNÍ EILE

- Trealamh Taifeadta; mar shampla taifeadán nó miondhiosca ☐
- Taifeadán Dlúthdhiosca (agus /nó Taifeadán DLT); chun cóipeanna caomhnaithe & rochtana a tháirgiú ☐
- Micreafóin sheachtracha ☐
- Cainteoir Seachtrach ☐
- Cluasáin ☐
- Cadhnraí do gach trealamh ☐
- Tástáil cadhnraí ☐
- Cordaí agus cáblaí síneacháin ☐
- Téipeanna nó dioscanna ☐
- Ceamara, Splanc agus Scannán ☐
- Pinn, pinn luaidhe, glantóirí, leabharnótaí ☐
- Mapaí ☐
- Fotocóipeáil (bunchóipeanna agus cóipeanna d agallaithe) ☐

TUAIRISCIÚ

- An mbeidh duine ag teastáil uait chun an tuairisc, alt nó foilseachán a chló duit? ☐
- Cé méid a chosnóidh sé duit tuairiscí, alt nó foilseachán a chló nó a chóipeáil? ☐

Bailigh Eolas Cúlra

Tá sé riachtanach roinnt taighde cúlra a dhéanamh faoi do théama roghnaithe. Breathnaigh ar shean-nuachtáin nó mapaí den cheantar agus an tréimhse atá faoi scrúdú, agus faigh amach faoi imeachtaí tábhachtacha áitiúla nó náisiúnta a tharla ag an am sin. B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach, mar shampla, roinnt eolais agus tuisceana a bheith agat ar théarmaíocht, ábhar agus modhanna a úsáidtear sa cheird má tá eolas á bhailiú faoi thógáil bháid nó fíodóireacht.

Breathnaigh ar Leabhrán Sheáin Uí Shúilleabháin *A Handbook of Irish Folklore*, a mholann réimse ábhar agus ceisteanna a d'fhéadfaí a chur nuair atá taighde á dhéanamh ar ghnéithe éagsúla den bhéaloideas. Deir O'Súilleabháin *'Go mbeadh eolas ar fáil ó mhioncheistiú a chabhródh chun pictiúr iomlán de shaol sóisialta agus traidisiúin cheantair san am atá thart agus an t-am i láthair, a chruthú'*[6].

Liostálann O'Súilleabháin *(ibid)*, nuair atá saol daonna agus pósadh á scrúdú aige, fo-theidil éagsúla, mar shampla, Rogha Céile, 'Cúirtéireacht' agus 'Éaluithe', agus molann sé ceisteanna a d'fhéadfaí úsáid. Mar shampla, molann sé an méid seo a leanas maidir le Cúirtéireacht:

'Cúirtéireacht. *Déan liosta de na téarmaí a úsáidtear maidir le Cúirtéireacht. Cén aois a bhí daoine de ghnáth nuair a thosaigh siad ag cúirtéireacht? Céard iad na nósanna nó na creidimh a bhí bainteach leis an gcleachtadh? Cúirtéireacht fhada, Burláladh nó Cúirtéireacht oíche. Suiríoch nach raibh fáilte roimhe. Dearcadh an phobail maidir leis na lánúineacha: smacht tuismitheora maidir leis seo. Cleasanna a imríodh ar chúplaí a bhí ag cúirtéireacht....geallúintí leannán. An iad na cúplaí féin a shocraigh an pósadh nó an raibh cleamhnas gairmiúil i gceist?*[7]

[6] Ó Súilleabháin, Seán, (1963) *A Handbook of Irish Folklore*, Folklore of Ireland Society, reprint London 1963, pp xi-xii ibid, p199
[7] *ibid*, p199

Cruthaigh Ceistneoir

Bunaithe ar théama do thogra agus taighde cúlra, is í an chéad chéim eile nó ceistneoir a chruthú. Cabhraíonn seo chun cinntiú go bhfuil leanúnachas idir na hagallaimh go léir a dhéantar faoi aon togra ar leith. Níor cheart go mbeadh sé ach mar thaca chun cinntiú go bpléitear leis na ceisteanna go léir atá faoi scrúdú agus chun cabhrú chun na ceisteanna riachtanacha a chur. D'fhéadfaí cur chuige scéal beatha a leanúint le linn an agallaimh ag cur ceist mar shampla, faoi cén áit agus agus cén uair a rugadh duine, cúlra na clainne, óige, laethanta scoile, fóillíocht, obair, éirí as, suas go dtí an lá atá inniu ann. Seo cur chuige ag a bhfuil struchtúr ach atá solúbtha go leor chun taithí éagsúla a thaifeadadh. Ní chiallaíonn ceistneoir nach gcuirtear ach na ceisteanna sin. Dar ndóigh, caithfear ceisteanna eile a chur chun pointe nó ceist a scrúdú agus a fhorbairt níos faide, chun níos mó sonraí a aimsiú, chun cabhrú le sruth an chomhrá agus chun rud éigin atá ráite cheana féin a shoiléiriú.

Ní bheidh aon dhá agallamh mar an gcéanna. Tá sé tábhachtach suim i do chuid agallaithe a léiriú agus roinnt eolais chúlra a bheith agat fúthu agus imeachtaí tábhachtacha a saol. Cabhraíonn seo chun ceisteanna suntasacha a chur faoin méid atá ábhartha dóibh agus a dtaithí.

Braitheann na torthaí a bhainfear amach ar na cineálacha ceisteanna agus an chaoi a chuirtear iad. D'fhéadfadh ceisteanna díreacha nó neamhdhíreacha agus ceisteanna dúnta nó oscailte cabhrú le sruth an agallaimh a athrú, agus freisin eolas a aimsiú agus d'agallaí a chur ar a chompord. Ba cheart duit, go ginearálta, ceisteanna 'aiste' a chur ag a mbeidh freagraí fada, gheobhaidh tú amach céard a rinne d'agallaí agus céard a cheap agus a mhothaigh siad freisin.

Moltar go dtosnaíonn tú le ceisteanna éasca, ceisteanna a chuirfidh d'agallaí ar a chompord, mar shampla, ainm iomlán, áit bhreithe, gairm agus mar sin de. Is féidir ceisteanna níos mine a chur agus an t-agallamh ag dul ar aghaidh.

Cuir ceisteanna leis na focail, céard, cén fath, cén uair, cén áit agus conas. Bain úsáid as teanga shimplí agus ceisteanna gearra ach ómósacha.

Seachain ceisteanna meabhraitheacha, mar shampla cinn a chuireann rud i gcás. Mar shampla "Is dócha …." nó "Cheapfainn …."

Is féidir le ceisteanna a bhaineann freagraí cruinne amach a bheith úsáideach, mar
"An raibh tú riamh i do bhall de Chumann Lúthchleas Gael?"

Is iad na ceisteanna oscailte is úsáidí, áfach, mar shampla
"Abair liom conas a chaith tú an lá…?"
"An bhféadfá inse dom faoin am a bhí tú…?"
"Cén sórt óige a bhí agat…?"

Déan liosta agallaithe

Is í an chéad chéim eile nó do dhaonra samplach nó do spriocghrúpa a shainmhíniú d'agallaimh. B'fhéidir gur mhaith leat, ag brath ar mhéid do thogra, úsáid a bhaint as stáisiúin raidió agus nuachtáin áitiúla, ag cur an pobal áitiúil ar an eolas faoi do thogra, agus ag rá conas mar a d'fhéadfaí teagmháil a dhéanamh leat.

Tá sé úsáideach labhairt le daoine áitiúla a mhaireann agus atá ag obair sa cheantar, mar shampla leabharlannaithe, staraithe agus na cléir áitiúla agus iad siúd ag a bhfuil eolas maith áitiúil. Beidh aithne acu go minic ar dhaoine atá rannpháirteach i go leor eagraíochtaí éagsúla, i gcarthannachtaí agus i ngairmeacha, agus b'fhéidir go mbeadh eolas acu freisin ar spéiseanna áirithe na ndaoine agus a dtaithí fadó. D'fhéadfadh siad cabhrú leat liosta teagmhála a chruthú, agus d'fhéadfadh tú cur leis seo agus tú ag casadh agus ag caint le níos mó daoine.

Nuair atá do liosta teagmhála déanta agat, déan teagmháil phearsanta. An bealach is fearr le seo a dhéanamh ar dtús nó le teagmháil phearsanta, ar an bhfón nó i litir. Ba cheart tú féin agus do thogra a chur in iúl, agus na príomhthéamaí ar mian leat labhairt leo fúthu, agus sonraí faoin gcríoch-thogra féideartha, foilseachán, mar shampla. D'fhéadfadh oscailteacht ón tús cabhrú agallaí nach bhfuil sásta ceisteanna áirithe a fhreagairt le linn agallaimh a sheachaint.

Bíonn roinnt daoine imníoch agus éiginnte faoi chomhrá a bheith taifeadta, nó b'fhéidir go gceapfadh siad nach bhfuil aon scéal le hinsint acu nó nach mian leo é a roinnt. Uaireanta cabhraíonn spreagadh agus áiteamh cineálta leo chun a n-intinn a athrú. D'fhéadfadh go mbeadh sé tairbheach inseacht dóibh arís faoi do chuid aidhmeanna agus cuspóirí agus céard a bheas á dhéanamh agat le do thaighde agus do thaifeadadh chun aon imní nó éiginnteacht a shuaimhniú. Dar ndóigh, caithfidh meas a bheith agat ar a gcuid mianta agus gan cur as do phríobháideachas éinne a dhiúltaíonn casadh leat nó agallamh a dhéanamh leat.

Ba cheart duit ansin ionad oiriúnach a phlé leo don agallamh. Más féidir, ba cheart é a thionóil i dteach an duine, mar seans go mbeidh siad níos compordaí agus ar a suaimhneas ansin. Tá sé tábhachtach go mbeadh an cúlra ciúin agus nach mbeidh aon chur isteach ann. Is iad agallaimh duine go duine is fearr, mothaíonn an t-agallaí compordach agus saor chun 'comhrá' a dhéanamh in atmaisféar cairdiúil suaimhneach.

TREALAMH

Caibidil 3

Le hathruithe agus dul chun cinn ag tarlú i gcónaí sna meáin theicneolaíochta is dúshlán an -mhór é léig trealaimh. Ba cheart macnamh a dhéanamh ar na -cúrsaí sin nuair a bhítear ag roghnú trealaimh thaifeadta, go háirithe má bhíonn obair chartlainne ar cheann de phríobhaidhmeanna an togra.

ACHOIMRE DEN TEICNEOLAÍOCHT

Léiríonn athruithe teicneolaíochta, le tamall anuas, go bhfuiltear ag bogadh ar shiúl ó úsáid analóige (mar shampla an téip nó caiséad le ríl oscailte) chuig teicneolaíocht digiteach (meán diosca optúla). Baintear úsáid anois níos mó agus níos mó as DAT (Clos-théip Digiteach)[8] agus DLT (Téip Líneach Digiteach)[9] chun go leor sonraí a stóráil.

Is féidir le taifeadadh digiteach, ar mhion-dhiosca, mar shampla, máistir digiteach ardchaighdeánach ach le saol gearr a tháirgiú agus gá le hathchóipeáil leanúnach nó aistriú go húsáidí cartlainne. D'fhéadfadh mar shampla nach mbeadh an crua-earra nó an bogearra ar fáil chun do thaifeadadh ar mhion-dhiosca a léamh i gceann cúig bliana. *'Níl aon leagan ann a d'fhéadfaí a rá gur réiteach buan é maidir le clos-dhigiteach a chaomhnú, agus ní chuirfidh aon fhorbairt theicneolaíochta an réiteach iomlán ar fáil; ach is céim iad sa phróiseas ina mbeidh institiúidí freagrach as sonraí a chaomhnú tríd athruithe agus forbairtí teicneolaíochta; ag aistriú sonraí ón gcóras reatha chuig an gcéad ceann eile chomh fada agus a bhíonn na sonraí sin luachmhar.*[10]

LIOSTA SEICEÁLA

- ☐ Roghnaigh do threalamh go cúramach
- ☐ Smaoinigh faoi impleachtaí cartlainne do leagan roghnaithe
- ☐ Déan cleachtadh leis an trealamh
- ☐ Déan liosta trealaimh d'agallaimh

[8]Tá cumas de thart fá 20 GB naïve agus 40 GB comhbhrúite ag téipeanna DAT. Cuimhnigh nár cheart sonraí a chomhbhrú do chuspóirí cartlaine.
[9]Déanann DLT taifeadadh ar théipeanna leathorlaigh i ndlúth-chartúis. Tá ardchumas ag na cartúis mhaighnéadacha suas go 80GB, le saol cartlainne de 30 bliain (faoi réir athnuachan, agus an bogearra agus crua-earra cuí a bheith ar fáil) is féidir le cumas de 300 GB a bheith ag Téip Super DLT. D'fhéadfadh an bunchostas don DLT a bheith níos airde ná an DAT ach tá cumas stórála níos mó aige.
[10]Cumann Idirnáisiúnta na gCartlann Fuaime agus Closamhairc, (ISAS) *Treoirlínte maidir le táirgiú agus caomhnú closghnéithe digiteacha*, 2000

Baineann an chuid is mó de na taighdeoirí réimse agus bailitheoirí stair ó bhéal úsáid as taifeadáin mhion-dhiosca. Tá an caighdeán fuaime an-mhaith agus tá siad éasca a iompar thart. Go dtí le déanaí, bhí go leor cartlanna agus leabharlanna, mar Leabharlann Náisiúnta na hAstráile (NLA), ag cóipeáil meán digiteach go téip analóige ríl ar ríl chun ábhar a chaomhnú. Táirgíonn siadsan CD-R (Dlúthdhiosca Intaifeadta) freisin mar chóip oibre agus cóip óna bhféadfadh siad aistriú digiteach a dhéanamh níos déanaí. Déanann alt i 1999 *Technical Update: Minidisc Versus Cassette* buntáistí agus míbhuntáistí an dá theicneolaíocht a phlé agus ba í an chonclúid nó go meastar go bhfuil an caiséad níos fearr maidir le hábhar a choinneáil go fadtéarmach ná an clos-téip dhigiteach.[11]

Le déanaí, anois, áfach, tá go leor cartlanna ainmnithe náisiúnta ag dul i dtreo Córais Stórála Toirt Digiteach (DMSS). Tá na córais seo cumasaithe trí clos a chomhtháthú sna córais shonraí. Breathnaítear ar chórais mar sin, le bogearra cuí, mar an cineál is feiliúnaí do chaomhnú fadtéarmach ar chlos-shonraí. *"Ceadaíonn siad uath-sheiceáil ar iomláine sonraí, athnuachan agus aistriú leis an íosmhéid úsáid as acmhainní daonna"*[12]

Tá sé inmholta, mar go bhfuil athrú uafásach tapaidh ag teacht ar theicneolaíocht, an litríocht reatha a léamh faoi ábhar leaganacha nó impróirí (analóg nó digiteach m.sh. téip nó diosca) agus caomhnú, agus comhairle suas chun dáta a iarraidh faoi shonraí riachtanacha sula ndéantar cinneadh cén teicneolaíocht, agus cén modh di, le húsáid. Déan an cheist a phlé leis an institiúid chartlainne a mholann tú an t-ábhar a chur ann sula ndéanann tú aon taifeadadh.

[11] Ward, Alan le Copeland, P., D Perks, R. *Technical Update: Mini-disc Versus Cassette* Stair ó Bhéal Iml.2 27 No. 2, 1999
[12] Cumann Idirnáisiúnta na gCartlann Fuaime agus Closamhairc, (IASA) Páipéir an Choiste Theicniúil, TC-03, *Ag Slánú na Clos-Oidhreachta: Eitic, Prionsabail agus Straitéis Chaomhnaithe*, Leagan 2, Meán Fómhair 2001

Beidh go leor ag brath ar d'aidhm fhadtéarmach agus ar do bhuiséad. Cé go bhfuil go leor buntáistí le hanalóg i dtéarmaí cartlainne, tá muinín ag fás sna meáin dhigiteacha, faoi réir airdill, agus cloí le caighdeáin agus athnuachan agus aistriú leanúnach[13] sonraí. Mar sin de, tá taifeadadh díreach chuig leaganacha digiteacha inghlactha, chomh fada agus nach bhfuil na sonraí comhbhrúite, go mbaintear úsáid as iompróirí de chaighdeán maith, agus go mbaintear úsáid as na próisis chearta chomhshaoil, láimhseáil agus aistrithe.

Tá *Treoirlínte maidir le táirgiú agus caomhnú closghnéithe digiteacha*[14], 2000, curtha ar fáil ag Cumann Idirnáisiúnta na gCartlann Fuaime agus Closamhairc, (ISAS) agus d'fhéadfá breathnú air seo sula dtugann tú faoi do thogra um bhailiú béaloideas agus stair ó bhéal. Tá na Treoirlínte seo dírithe ar institiúidí cartlainne maidir le closábhar agus ábhar closamharc a bhailiú agus a chaomhnú. Cuireann sé comhairle agus eolas ar fáil maidir le cur chuige agus teicneolaíochtaí éagsúla feiliúnacha lena n-áirítear DMSS agus cur chuige scála beag láimhe maidir le córais stórála dhigiteacha, téip shonraí, dioscanna crua, dioscanna optúla lena n-áirítear CD intaifeadta agus mar sin de. Molann an Fochoiste faoi Theicneolaíocht Chlár Chuimhne an Domhain de chuid UNESCO na *treoirlínte* den chleachtas is fearr do Chartlanna closamhairc. D'fhéadfadh go mbeadh na Treoirlínte, a bheith thar a bheith teicniúil don bhailitheoir amaitéarach ach go háirithe. Go minic, bíonn na himeachtaí agus teicneolaíochtaí molta lasmuigh d'fháil fiú seirbhísí beaga cartlainne. Ba cheart, mar sin féin, go leanfar na moltaí chomh gar agus is féidir.

Is féidir breathnú ar stóráil ar DAT nó DLT mar rogha. Is formáidí le hardchumas stórála atá iontu seo. Is féidir próiseáil a dhéanamh ar DMSS, mar thaifeadtaí DAT, le taifeadán CD a sheasann leis féin, le huathchódáil innéacs.

Tá sé rí-thábhachtach nuair atá clos-thaifeadtaí le digitiú, comhbhrú sonraí a sheachaint[15]. Moltar Treoirlínte ISAS do chaomhnú cartlainne,

> *'.PCM líneach (modhnú cód cuisle) (idirdhuillithe do stéirió) ar chomhad wav nó níos fearr BWF .wav (EBU Tech 3285) do gach dhá rian fuaime. Ní mholtar aon chódáil inbhraite ("comhbhrú lossy") a úsáid ar chor ar bith. Moltar go ndéantar aon fhuaim a dhigitiú ag 48 kHz nó níos airde agus le doimhneacht bit de ar a laghad 24 bit. Is próiseas cruinnis atá i gceist le hiompú Analóg go Digiteach (A/D) agus ní féidir le tiontairí ar chostas íseal comhtháite i gcártaí fuaime ríomhairí teacht le héileamh ar chláracha caomhnú cartlainne."*[16]

[13] áirítear an t-ábhar stórálta go léir a chóipeáil ó sheanardán go ceann níos nua, m.sh. ó chaiséad go CD. Feach Caibidil 7 agus *Téarmaíocht* san Aguisín

[14] Tá cóip de na *Treoirlínte* ar fáil mar thagairt i Leabharlanna Chontae na Gaillimhe

[15] Dietrich, Schüiller, *Miondhiosca do thaifeadadh réimse? Ag cur prionsabail chartlainne i bhfeidhm le bailiú sonraí* ISAS Iris, Uimh. 14, 1999, deir go gcuirtear as do phrionsabail chartlainne de bharr úsáid a bhaint as laghdú sonraí d'aon ghnó nuair is cartlannú an aidhm atá leis an togra taifeadta ón tús.

[16] Cumann Idirnáisiúnta Cartlanna Fuaime agus Closamharc (IASA) Páipéirí an Choiste Theicniúil TC-03 *"Ag Slánú na Clos-Oidhreachta: Eitic, Prionsabail agus Straitéis Chaomhnaithe* , Leagan, 2, Meán Fómhair 2001

Ní dhéantar plé sa leabhrán seo faoi na sonraí teicniúla atá i gceist nó an bogearra atá riachtanach d'aistriú digiteach.
Ag deireadh an lae is tú féin a roghnóidh an trealamh, agus tá eolas gearr thíos anseo faoi na formáidí éagsúla, lena n-áirítear sracfhéachaint ar DMSS (Córais stórála toirt Digiteach). Faoi láthair más ón nua atá tú ag tosnú, breathnaigh b'fhéidir ar thaifeadadh chuig mion-dhiosca agus cóipeáil do chuspóirí caomhnaithe agus rochtana chuig CD-R (Dlúthdhiosca inthaifeadta) nó CD-ROM (Dlúthdhiosca, Cuimhne Léamh Amháin).

Trealamh Taifeadta

Is fiú cuimhneamh, is cuma cén déanamh nó cineál taifeadáin nó taifeadán mion-dhiosca a roghnaíonn tú, gur taifeadadh d'ardchaighdeán fuaime an aidhm a ba cheart a bheith agat. Cé go bhfuil micreafón intreach ag go leor taifeadáin, b'fhearr micreafón seachtrach a úsáid, mar go dtugann seo taifeadadh fuaime de chaighdeán níos airde duit sa deireadh.

Seans go mbeidh tú ag iarraidh cóipeanna dúbáilte a dhéanamh freisin sa chaoi go mbeidh cóip thacaíochta chaomhnaithe, cóip oibre, le haghaidh trascríobh b'fhéidir agus cóip inrochtana agat. Is féidir an chóip oibre, ag brath ar mhinicíocht úsáide a úsáid mar chóip rochtana. Ba cheart taifeadadh a dhúblú ar ar a laghad dhá chineál formáid sa chaoi go mbeadh an fhormáid eile ar a laghad agat mura mbíonn an deis agat aistriú go formáid nua má scriostar formáid amháin (agus/nó bogearra). Mar sin de, ba cheart aistriú go CD-R má tá tú ag taifeadadh ar mhion-dhiosca nó caiséad. Beidh an bun-inneall taifeadta ag teastáil uait, Taifeadán CD agus bogearra digitithe agus an t-innealra chun cabhrú le trascríobh, chomh maith le trealamh breise. Caithfidh tú cinntiú go bhfuil sé go léir ar chaighdeán maith, faighte ó sholáthraithe creidiúnaithe agus go bhfuil sé comhoiriúnach.

Máistir: an bunthaifeadadh, ar chaiséad nó ar mhion-dhiosca. Caomhnaítear agus dúblaítear seo chomh minic agus is féidir. Ní dhéantar seo a úsáid arís ach go hannamh.

Cóip Chaomhnaithe: coinnítear seo sna coinníollacha stórála is fearr, úsáidtear d' aistriú agus athnuachan amháin, agus mar chóip thacaithe shábháilte díreach má chailltear nó go ndéantar damáiste nó scrios ar an máistirchóip.

Cóip Oibre: úsáidtear do thrascríbhinní, eagarthóireacht más cuí, agus obair fhoilseacháin eile.

Cóip Rochtana: úsáidtear le haghaidh rochtain. Éiríonn sé caite mar go mbíonn sé in úsáid go minic, caithfear cóip eile a dhéanamh ina áit ón gcóip chaomhnaithe faoi mar is cuí.

Cabhróidh taifeadadh fuaime d'ardchaighdeán go mór le trascríobh agus cuirfidh sé úsáid na n-agallamh chun cinn i measc taighdeoirí. Ní dócha go mbeadh aon spreagadh ann do thaighdeoirí, bíodh siad óg nó sean, éisteacht leis an taifeadadh iomlán más rud é go bhfuil an caighdeán go dona. Cuireann droch-fhuaim teora le húsáidí féideartha, mar shampla úsáid chraoltóireachta nó tráchtála.

Is féidir le **Taifeadáin Spóil** a bheith láidir, mór agus anásta, cé go bhfuil trealamh spóil éasca le hiompar ar fáil, agus tá tá siad níos daoire ná taifeadáin chaiséid, cé go gcuireann siad formáid mhaith ar fáil do stóráil chartlainne fhadtéarmach mar go bhfuil saol seilf meastaithe níos faide acu ná atá ag caiséad. Cuireann siad caighdeán an-mhaith craoltóireachta ar fáil freisin.

Baineann taifeadáin spóil úsáid as téip mhaighnéadach, agus déantar taifeadadh ar rian iomlán, 1/2 rian nó 1/4 rian. *Ní moltar* an ceann deireanach seo ar chor ar bith. Is féidir leis an gcuid is mó de na taifeadáin oibriú ag luasanna éagsúla téipe, oibríonn trealamh caiséid ar an lámh eile ag luas caighdeánach téipe de $1\frac{7}{8}$ orlach sa soicind (i.p.s.). Meastar go bhfuil luasanna de $3\frac{3}{4}$ i.p.s. agus $7\frac{1}{2}$ riachtanach do thaifeadadh ardchaighdeánach. Mar is airde luas na téipe, mar is fearr an cumas feidhmíochta, agus mar is fearr caitheamh na téipe. Meastar, ar mhaithe le heacnamaíocht téipe, $3\frac{3}{4}$ i.p.s. a bheith feiliúnach chun caint a thaifeadadh agus $7\frac{1}{2}$ i.p.s. chun ceol a thaifeadadh.[17]

Taifeadán Caiséid: Cé go bhfuil siad ar fáil go forleathan fós, tá déantúsóirí ag fáil réidh le táirgeadh thaifeadáin chaiséid. Níl siad ró-dhaor agus tá siad éasca a iompar. Má tá tú ag úsáid taifeadán mar seo, déan infheistíocht i gceann le seac le haghaidh micreafón seachtrach, chomh maith le micreafón inmheánach.

[17] Buckley, Anthony D., Ballard, Linda M., & Harkness, Clifford, "Ag Bailiú Stair ó Bhéal" Treoir do Mhúinteoirí agus Staraithe Amaitéaracha, Músaem Tíre agus Iompair Uladh, n.d.

Is féidir úsáid a bhaint as an seac chun freastal ar cháblaí a nascann an trealamh le chéile nuair atá téipeanna á dhúblú, nó á n-aistriú go CD-R nó CD-ROM. Bain úsáid as taifeadán a oibríonn ar cumhacht leictreach agus cadhnraí araon. Cuimhnigh freisin, mura bhfuil rochtain agat chuig sruth díreach, nach mbíonn ach ceithre nó sé uaire cumhachta i gcadhnraí. Bí ag faire ar úsáid na gcadhnraí.



Cinntigh go bhfuil córas laghdú fuaime cosúil le Dolby nó DBX ag an taifeadán.

Tá Leibhéal Taifeadta uathoibreach ag go leor taifeadán. Déan infheistíocht, chun saobhadh a sheachaint, i gceann a ligeann duit an leibéal ceart fuaime chuig an téip a smachtú. Cumasaíonn go leor taifeadán smacht uathoibreach agus láimhe ar thaifeadadh, ach b'fhéidir nach mbeadh ceann amháin nó eile acu ag cuid acu. Tá sé níos fearr go mbeadh feidhmiú láimhe agat mar go mbíonn sé i bhfad níos fearr ag taifeadadh leis an bhfeidhmiú ceart. Ba cheart go mbeadh méadar mór éasca le léamh ag taifeadáin nach bhfuil acu ach smacht láimhe ar leibhéil thaifeadta sa chaoi go mbeidh tú in ann monatóireacht cheart a dhéanamh ar leibhéil chomhartha. Déan cinnte go bhfuil comhartha breá láidir agat, bíodh buaicphointe ar imeall an deirg agat má tá méadar VU ag do thaifeadán. Beidh go leor 'siosa' ar do thaifeadadh má bhíonn an leibhéal taifeadta ró-íseal. Beidh díchumadh agat má tá an leibhéal ró-ard.

Úsáid glantóir caiséid ar na cinn thaifeadáin agus a mheicníocht tiomáint téipe tar éis gach 20 uair a'chloig de thaifeadadh nó d'am casaidh. Cabhraíonn seo chun caighdeán taifeadta do thaifeadán a chaomhnú.

Baintear úsáid as **Taifeadáin Mhion-dhiosca** (MD) go forleathan nuair atá stair ó bhéal á bhailiú. Tá siad éasca a iompar, tá caighdeán iontach fuaime acu agus níl siad ró-dhaor. Is féidir leo ábhar taifeadta a chur díreach isteach sna ríomhairí freisin. Is é an míbhuntáiste is mó nó go bhfuil seans maith ann go mbeidh trealamh eile ina áit laistigh d'achar an-ghearr, b'fhéidir i gceann 5 – 10 mbliana. Ba cheart mar sin, má tá do thaifeadadh ar mhion-dhiosca, é a chóipeáil díreach ar CD-R nó CD-ROM, mar go bhfuil seans maith ann gur formáid dhigiteach níos buaine a bheas ann. Is féidir seo a dhéanamh ach taifeadán CD a úsáid.

Déan cinnte go bhfuil foinse ionchurtha ag an MD do mhicreafón seachtrach. D'fhéadfadh nach mbeadh seo ag na cinn is nua agus ansin bheadh clos-chara *(réamh-aimp)* ag teastáil ina nascann tú an micreafón, a nascann ansin leis an taifeadán MD. Déan cinnte freisin go bhfuil aschur digiteach ann chun nascadh digiteach a dhéanamh leis an taifeadán CD.

Meáin Stórála

Téipeanna Caiséid Bain úsáid as téipeanna de chaighdeán maith. Bíonn fadanna difriúla i gceist le téipeanna mar shampla 30, 60 nó 120 nóiméad. Moltar fad caiséid de 60 nóiméad, sin 30 nóiméad ar gach taobh. Bíonn ort téipeanna atá níos giorra ná seo a athrú ró-mhinic i rith an agallaimh, agus is féidir le téipeanna níos faide a bheith ró-thanaí agus briseadh. Tá an téip i gcaiséad 120 nóiméad níos tanaí ná ceachtar den fhad 30 nó 60 nóiméad. Briseann téip thanaí níos éasca agus sileann fuaim ó thaobh amháin den téip go dtí an taobh eile go minic. Laghdaíonn caighdeán fuaime agus an méid ama agus a bhíonn taifeadadh inchloiste ar chaiséad le téip níos tanaí. Baineann taifeadáin micrea-chaiséid úsáid as téip thanaí feisin agus ba cheart iad a sheachaint.

Is fearr infheistiú a dhéanamh ar théipeanna caiséid le cás (clúdach plaisteach) atá daingnithe le scriú agus ní tatháin. Ciallaíonn seo go bhfuil tú in ann an cás a oscailt má dhéantar damáiste dó agus an téip a aistriú go cás eile.

Bris na lipéid chaiséid go léir ag deireadh gach seisiún agallaimh agus cuir lipéid chearta ar na téipeanna. Cuir an méid eolais agus is féidir ar an téip chaiséid *agus* a bhosca ar eagla go mbíonn téip an agallaimh scartha ón gcuid eile den doiciméadú. Bíodh, ar a laghad, ainm(neacha) an agallóra agus an agallaí san áireamh, chomh maith le teideal an togra, agus dáta an agallaimh.

Miondhioscanna agus CD: Tá sé inmholta d'am a thógáil nuair atá do dhiosca á roghnú agat. Tá éagsúlacht mhór i gceist le cleachtadh agus táirgeadh miondhioscanna agus CD-R (Dlúthdhiosca – Intaifeadtha) agus tá sé riachtanach a bheith thar a bheith cúramach nuair atá meán ardchaighdeánach á roghnú ó sholáthraithe ómósacha le haghaidh cuspóirí cartlainne[18]. Moltar CD ór a úsáid do shonraí, chun cóipeanna tacaithe a dhéanamh de do thrascríbhinní mar shampla. Breathnaítear ar ór mar mheán cartlainne inmharthana fadtéarma. Ní féidir i gcónaí a bheith cinnte faoi chruthú dhiosca ar dhath amháin. Ní chiallaíonn sraith ór trédhearcadh gur úsáideadh dath *phthalocyanine* (an dath inghlactha). Ní bhíonn dath ór ar CD fuaime, bain úsáid mar sin as gnáthdhlúthdhioscanna de bhranda clúiteach agus iontaofa. Déan cinnte go ndéanann tú athnuachan agus uasghrádáil go tréimhsiúil.

[18] Comhcheangal um Chaomhnú Digiteach, Lámhleabhar: Meáin agus Formáidí, www.dpconline.org

Téipeanna DAT nó DLT: Ní gá iad seo a úsáid ach amháin má tá tú ag tabhairt faoi thogra ar scála mór, agus go bhfuil crua-earra agus bogearra cuí agat chun plé leis an teicneolaíocht seo. Arís, tá sé tábhachtach téipeanna d'ardchaighdeán a cheannach ó bhrandaí agus soláthraithe ómósacha. Déan seiceáil rialta go bhfuil gach rud ag obair i gceart agus déan glanadh rialta má tá sonraí á stóráil agat ar DAT nó DLT.

Trealamh Breise

Micreafón: Tá micreafón seachtrach de chaighdeán maith riachtanach. Molann roinnt litríocht nasc-ghearrthóg beag nó micreafón lipéid. D'fhéadfadh agallaí a bheith míchompordach leis seo, nó a bheith ag úsáid go leor gluaiseachtaí láimhe nó eile nuair atá siad ag caint, a d'fhéadfadh fuaim shiosarnach a chruthú. Tá uasmhéid leochaileachta ag micreafón aontreo sa treo ina bhfuil an micreafón ag pointeáil. Tá sé níos fearr é a úsáid le seastán, mar go bhféadfadh fuaim láimhseála cur as dó, mar shampla an lámh atá á úsáid ag bogadh. Bheadh micreafón uilethreo níos fearr má tá sé le coinneáil nuair atá taifeadadh á dhéanamh mar nach gcuireann fuaim láimhseála as dóibh chomh mór sin. Piocann na micreafóin seo suas fuaimeanna, áfach, ó gach treo agus ní díreach an treo ina bhfuil siad ag pointeáil. [19] Déan cinnte go bhfuil do chuid trealaimh go léir comhoiriúnach.



[19] Buckley, Anthony D., Ballard, Linda M., & Harkness, Clifford, "Ag Bailiú Stair ó Bhéal" Treoir do Mhúinteoirí agus Staraithe Amaitéaracha, Músaem Tíre agus Iompair Uladh, n.d.

Tá gá le **Cluasáin** nuair atá tú ag éisteacht le taifeadadh, nó nuair atá tú ag trascríobh.

Tá **Taifeadán – CD** riachtanach nuair atá cóip á dhéanamh ó chaiséad go CD, nó an bealach eile thart, agus ó mhiondhiosca chomh maith. Tá sé éasca iad seo a oibriú de ghnáth. Sa chás go bhfuil do mháistir ar théip analóige, tá sé riachtanach cóipeanna CD-R (CD- Intaifeadta) a tháirgiú chun rochtain a áisiú agus a bheith mar chóip thacaithe chaomhnaithe. Déan cinnte go bhfuil aschur agus ionchur digiteach ag do thaifeadán; cuireann aistriú digiteach fuaim de chaighdeán maith ar fáil. Tá sé fíor-thábhachtach an taifeadadh a aistriú chuig CD chomh luath agus is féidir. Aithnítear CD mar fhormáid chartlainne níos buaine ná an mion-dhiosca. Moltar, má tá dioscanna CD-R in úsáid mar chóipeanna caomhnaithe go ndéanfadh tú monatóireacht ar staid an bhailiúcháin trí thaifeadadh samplach a sheiceáil ag tréimhsí rialta ag baint úsáid as tástáil feiliúnach CD

Tiomáint Téipe DLT: Ba cheart de seo a bheith de chaighdeán maith agus a bheith cothaithe go maith. Is gaireas taifeadta agus rochtana é seo.

Beidh **Seac seachtrach agus troitheán coise** riachtanach chun cabhrú le trascríobh ó théip chaiséid. Tógann trascríobh suas go leor ama agus seans maith go mbeidh gá ann an taifeadán a stopadh, a thosnú agus a chúlchasadh go minic. Is féidir leis seo a bheith crua ar chnaipí casaidh agus cúlchasaidh an taifeadáin. Tá sé níos éasca é seo a dhéanamh ach an troitheán coise a úsáid, rud a ghluaiseann an téip siar agus ar aghaidh faoi mar is gá. D'fhéadfá infheistíocht a dhéanamh in inneall trascríofa freisin.

Tá **bogearra** chun trascríobh a dhéanamh ó CD ar fáil. Go ginearálta is féidir leis taifeadadh, rud a chur ar siúl, sos, stopadh, mearchasadh, cúlchasadh agus mar sin de a dhéanamh agus bíonn tú in ann an taifeadadh agus an comhrá go léir atá á trascríobh agat a fheiceáil. Beidh troitheán coise agus cluasán ag teastáil uait freisin.

Ceamara: Bheadh sé úsáideach grianghraf a bheith agat de d'agallaí, mar thagairt agus chun an taifeadadh fuaime a phearsanú. Cuirfidh an grianghraf leis an taifeadadh.

Cadhnraí Tá sé úsáideach cadhnraí spárála nó cadhnraí in-athluchtaithe, mar shampla LIP12, agus in-athluchtóir cadhnraí.

Tá sé tábhachtach lámhleabhair threorach do chuid trealamh a léamh agus cleachtadh a dhéanamh leis an trealamh sula dtugann tú faoi do chéad agallamh. Ba cheart an trealamh a thástáil roimh gach agallamh freisin. Déan tástáil ar thaifeadadh chun caighdeán agus airde fuaime a mheas. Má tá an glór beagán ard nó as riocht bog an micreafón píosa beag eile ar shiúl ón gcainteoir, agus dar ndóigh bog é níos gaire don chainteoir má tá an glór ró bhog. Cinntigh go bhfuil do chuid trealaimh go léir comhoiriúnach, agus faigh comhairle ghairmiúil sula gceannaíonn tú aon rud.

Bí aireach faoi amanta cadhnraí, agus fad téipe agus diosca.

Pointí le macnamh:

- Seans gur ar Téip Líneach Dhigiteach (DLT) a bheadh stóráil fhadtéarmach. Tá saol i bhfad níos faide ag seo ná atá ag Dlúthdhioscaí.

- Caithfear cuimhneamh, is cuma cén meán a roghnaítear, go mbeidh an meán as dáta go luath. Seans go mbeidh aistriú chuig meán stórála nua riachtanach laistigh de chúig bliana.

Praghasanna Trealaimh

Tá achoimre leagtha amach anseo thíos, le meastachán garbh de phraghasanna[20], maidir le trealamh a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait.

Taifeadán caiséid le cadhnra in-athluchtaithe, do thaifeadadh le caighdeán craoltóireacht	€700
NÓ	
Taifeadán Caiséid, *Professional Walkman* (nach de chaighdeán craoltóireachta é)	€150
NÓ	
Taifeadán Mion-dhiosca	€300 - 400
M-Fuaim Cara Fuaime Réamh-aimp (do mhicreafón)	€140
Taifeadán CD, (chun cóipeáil a chumasú ó chaiséad go CD) (tiontaire analóg- go- digiteach)	€450
Sreang SPDIF 3 méadar DRA 503 Hosa	€15
Ceamara Digiteach	€300 - 600
Micreafón	€150
Cluasáin, agus Seac cumhachta 3.5 mm	€80
160 téipeanna caiséid ocsáid iarainn (cúig chinn)	€12
Mion-dhiosca, (cúig chinn)	€15
Fuaim Dhigiteach Maxima CD-R (20)	€25
Téip DAT (10 bpaca)	€50
Tiomáint DAT	€600
Téip DLT	€40
Tiomáint DLT	€1,500
Cadhnraí	€30
Bogearra chun trascríobh ó Dlúthdhiosca le troitheán coise	€150
Inneall trascríofa, (do théip chaiséid)	€350
Gléas mion-dhiosca (do phosta éisteachta / rochtain thaighde)	€150

[20] Praghasanna Garbha do 2005, níl CBL san áireamh

CÓIPCHEART AGUS COSAINT SHONRAÍ

Caibidil 4

Tá go leor scileanna ag baint le bailiú stair ó bhéal nó taighde a dhéanamh faoi stair ó bhéal, lena n-áirítear bainistiú ama, úsáid trealaimh, agus teicníochtaí agallaimh. Bíonn iompar de chineálacha eitneacha i gceist freisin chun cinntiú go mbíonn an meas ceart tugtha don duine atá faoi agallamh agus don eolas atá á thabhairt acu. Tá sé rí-thábhachtach an t-agallaí a chur ar an eolas roimh an agallamh faoi chéard atá le bheith déanta leis an eolas, agus a gcead a fháil don úsáid sa todhchaí, is cuma an bhfuil sé chun a bheith curtha i dtaisce i gcartlann áitiúil, úsáidte mar uirlis oideachasúil nó d'fhoilseachán. .

Ba cheart do bhailitheoirí taifeadtaí fuaime agus béaloidis iad féin a chur ar an eolas maidir le reachtaíocht bhainteach agus cinntiú nach bhfuil cóipcheart nó reachtaíocht eile á sárú acu ar aon bhealach. Ní féidir an cheist a scagadh go mion san fhoilseachán seo. Níl i gceist leis an gcaibidil seo ach d'aird a dhíriú ar an ngá a bheith aireach, agus béim a chur ar an riachtanas *cead eolach* a fháil ó do chuid agallaithe.

ACHOIMRE SEICEÁLA

- ☐ Bí aireach faoi reachtaíocht bhainteach
- ☐ Tuig na dualgais riachtanacha
- ☐ Cruthaigh Foirm Cheada
- ☐ Cruthaigh Foirm um Dháileadh Cóipchirt

Is iad na ceisteanna atá le macnamh,

- Cosaint na nAgallaithe. Tá sé riachtanach cinntiú go bhfuil an cead a thugann siad maidir le húsáid taifeadtaí, chomh heolach agus is féidir.
- Cosaint do thríú páirtithe (i.e. daoine atá ainmnithe sa taifeadadh). Go minic, níl aon bhealach ann chun ráitis faoi tríú páirtithe a dhearbhú nó a gcead a aimsiú chun ábhar a úsáid.
- Leochaileacht an mheáin (m.sh. téip nó CD), áit a d'fhéadfadh tréimhsí fada dúnta a bheith ina fhadhb.

Tá píosaí reachtaíochta a cheart a bheith curtha san áireamh sula dtugtar faoi stair ó bhéal agus béaloideas a bhailiú. Áirítear leo seo,

- An tAcht um Chóipcheart agus Cearta Bainteacha, 2000
- An tAcht um Chosaint Shonraí, 1998
- An tAcht um Chosaint Shonraí (Leasú), 2003
- An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997

Is é an cuspóir atá le hagallamh a chur ar dhaoine nó taifeadadh a dhéanamh ar a gcuimhní nó an t-agallamh a chur ar fáil do chuspóirí taighde agus siamsaíochta go ginearálta. "Níl sé eiticiúil, agus go minic tá sé mídleathach, agallaimh a úsáid gan *cead eolach* an agallaí, ina bhfuil nádúr úsáide nó úsáidí an agallaimh soiléir agus beacht."[21]

Píosaí ón Reachtaíocht

Déantar tagairt agus soláthar do bhéaloideas in *Acht um Chóipcheart agus Cearta Bainteacha,* 2000 na hÉireann. Ach níl sainmhíniú dó ann.

Seo a leanas an sainmhíniú atá tugtha in Acht um Chóipcheart Chéinia, 2001:

"…obair litearthachta, cheolmhar nó ealaíonta a ghlactar gur chruthaigh údar inaitheanta í laistigh de Chéinia agus atá tar éis teacht síos ó ghlún go glún agus atá mar chuid bhunúsach d'oidhreacht thraidisiúnta chultúrtha Chéinia agus lena n-áirítear (a) scéalta béaloidis, filíocht bhéaloidis, rannta béaloidis (b) amhráin bhéaloidis agus ceol uirlise béaloidis (c) damhsaí tíre agus drámaí tíre; agus (d) táirgiú Ealaíon Tíre, líníochtaí, péintéireacht, dealbhóireacht, potaireacht, adhmadóireacht, obair mhiotail, seoda, lámhcheardaíocht, éadaí agus earraí fite dúchasacha ach go háirithe".

[21]An Cumann Stair ó Bhéal agus Alan Ward, Copyright and Oral History, Is your oral history legal and ethical?, 2003 www.ohs.org.uk

Luaitear an béaloideas i go leor altanna den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Bainteacha*, 2000, mar shampla alt 197 a bhaineann le hoibreacha béaloidis, a deir:

(1) San áit, maidir le hobair gan ainm nach bhfuil curtha ar fáil go dleathach don phobal, go bhfuil fianaise ann gur chloígh an t-údar (nó, i gcás obair le comhúdair, aon cheann de na húdair) le halt 182 trí nasc a bheith aige/acu le tír, talamh, stát nó ceantar nach an Stát é, glacfar leis go dtí go gcuirfear a mhalairt ar fáil go maireann an cóipcheart san obair.

(2) San áit, go gceaptar, faoi dlí tíre, talún, stáit nó ceantair, foras chun cóipcheart in obair atá luaite i bhfo-alt (1), a chosaint agus a chur i bhfeidhm, d'fhéadfadh an tAire foras a ainmniú le hordú ar mhaithe le cuspóirí an ailt seo.

(3) Tabharfar aitheantas d'fhoras atá ainmnithe le hordú faoi fho-alt (2) sa Stát mar fhoras le húdarás chun cóipcheart in obair atá luaite i bhfo-alt (1) a chosaint agus a chur i bhfeidhm in áit úinéir an chóipchirt, lasmuigh den údarás cóipcheart san obair a dháileadh agus is féidir leis an bhforas imeachtaí bainteach leis an gcóipcheart a thógáil ina n-ainm féin.

(4) Ní bheidh an t-alt seo i bhfeidhm san áit a bhfuil údar tar éis cóipcheart san obair a dháileadh agus go bhfuil fógra tugtha don fhoras ainmnithe, agus ní chuirfidh aon rud san alt seo as do bhailíocht dháileadh cóipchirt, nó ceadúnas bronnta, ag údar nó aon duine atá á éileamh go dleathach faoi nó fúithi.

Déantar tagairt don bhéaloideas freisin in *Alt 245*, a bhaineann le taifeadadh oibreacha béaloidis, áit a deirtear:

(1) D'fhéadfadh taifeadadh de chur i láthair obair inaitheanta nach bhfuil ar fáil go dleathach don phobal a bheith déanta ar mhaithe lena bheith curtha san áireamh i gcartlann atá á chothú ag foras aitheanta gan aon cheart atá bronnta air sa Chuid seo a shárú san áit nuair a bhí an taifeadadh á dhéanamh -
(a) Nach raibh déanamh an taifeadta ag cur as d'aon chóipcheart, agus
(b) Nach bhfuil cosc ar dhéanamh an taifeadta ag aon taibheoir

(2) Go ndéanfaidh agus go gcuirfidh cartlannaí cóip de thaifeadadh a rinneadh faoi fho-alt (1) agus atá san áireamh i gcartlann atá á cothú ag foras ainmnithe, faoi réir chloí leis na coinníollacha atá luaite i bhfo-alt (3) gan cur as d'aon cheart atá bronnta ag an gCuid seo.

Tugtar sainmhíniú ar údar in *Alt 21* den Acht, a deir:

San Acht seo, ciallaíonn "údar" an duine a chruthaigh an obair agus áirítear
(a) Na léiritheoirí, i gcás taifeadadh fuaime;
(b) An léiritheoir agus an príomhstiúrthóir, i gcás scannáin;
(c) I gcás craoltóireachta, an duine atá ag craoladh nó i gcás craoltóireachta a chraolann craoladh eile trí é a fháil agus a chur amach arís láithreach, gan aon athrú, an duine atá ag déanamh an chraolta eile;…
(d) an grianghrafadóir, i gcás ghrianghraif.

Dá bhrí sin, is é an bailitheoir, bíodh sé ina dhuine aonair, ina eagraíocht nó ina institiúid, úinéir an chóipchirt i gcás taifeadadh fuaime ar stair ó bhéal.

Tá tréimhse an chóipchirt i dtaifeadadh fuaime clúdaithe san Acht faoi *Acht 26* a deir :

(1) Beidh deireadh le cóipcheart i dtaifeadadh fuaime
(a) 50 bliain tar éis don taifeadadh fuaime a bheith déanta, nó
(b) san áit go gcuirtear ar fáil go dleathach é don phobal le linn na tréimhse atá luaite in alt (a), 50 bliain ón dáta óna gcuirtear ar fáil mar sin é.

Tá cosaint tugtha do na taifeadtaí fuaime san Acht. Deir *Alt 184:*

(1) Beidh obair litríochta, dhrámatúil, cheolmhar nó ealaíonta, taifeadadh fuaime, scannán, socrú cló d'eagrán foilsithe nó bunachar sonraí cáilithe do chosaint chóipchirt nuair a dhéantar é a chur ar fáil go dleathach don phobal -
(a) sa Stát; nó
(b) i dtír, talamh, stát, nó ceantar lena mbaineann foráil cuí na Coda seo.

(2) ar mhaithe le cuspóirí na coda seo, glacfar leis go bhfuil obair curtha ar fáil go dleathach don phobal , i dtír, talamh, stát nó ceantar mar an chéad uair a chuirtear an obair ar fáil go dleathach don phobal fiú má dhéantar an obair a chur ar fáil go dleathach go comhuaineach don phobal áit éigin eile; agus don chuspóir seo, glacfar leis go bhfuil cur ar fáil dleathach don phobal in áit éile laistigh den 30 lá roimhe seo comhuaineach.

Go simplí, mar sin, Ní féidir ábhar, cosúil le taifeadadh fuaime atá 'i gcóipcheart' a chóipeáil, a eisiúint don phobal, i bhfoilseachán, i dtaispeántas nó suíomh idirlín, curtha ar taispeántas nó a sheinm don phobal, curtha in oiriúint nó craolta gan chead ó úinéir an chóipchirt. Tá roinnt eisceachtaí ann, mar shampla cóipeáil ó leabharlanna agus cartlanna do chuspóirí caomhnaithe, nó píosaí beaga a chóipeáil do staidéar nó taighde príobháideach.

Tá deacrachtaí ag baint le stair ó bhéal maidir leis an Acht um Chosaint Shonraí agus Cóipcheart de, mar nach taifeadadh comhuaineach atá i gceist ach cuimhní cinn, uaireanta píosa fada tar éis don imeacht a bheith thart. Ní gá go mbeadh na cuimhní cruinn, agus d'fhéadfadh tuairimí an aithriseora cur as dóibh siúd atá luaite.

Déantar cúram, i taobh an chleachtais is fearr, de mhacnamh Chosaint Shonraí agus bacanna dlí eile le himeacht glantachán éifeachtach cóipchirt. Is féidir leis seo a bheith labhartha, mar shampla taifeadta ag tús an agallaimh ach tá sé níos fearr glantachán cóipchirt a fháil i scríbhinn.

Fós féin, is féidir le ceisteanna agus fadhbanna dlí tarlú. Mar shampla, is féidir le tríú páirtithe atá luaite i dtaifeadadh, cur in aghaidh an taifeadadh a bheith poiblí, faoin reachtaíocht um Chosaint Shonraí, go háirithe más rud é go bhfuil eolas clúmhillte nó rúnda san agallamh bainteach leo. Ba cheart plé go leochaileach leis na hagóidí go léir agus ba cheart comhairle dlí a fháil más gá.

Glantachán Cóipchirt

Ba cheart do bhailitheoirí dáileadh cóipchirt a aimsiú ó na hagallaithe sula dtosaíonn an taifeadadh. Is é cuspóir an dáilithe seo nó,

- Gnáthchomhairleoireacht agallaimh a chumasú faoi mar a aontaíodh leis na hagallaithe (faoi réir aon srian ar mian leo cur orthu, mar shampla tréimhse dúnta a éileamh ar feadh 10 mbliana, nó gan cead a thabhairt d'úsáid idirlín), agus

- Páirteanna de na hagallaimh thaifeadta nó píosaí ó na trascríbhinní a chumasú le bheith úsáidte i bhfoilseacháin, craoladh, taispeántais nó ar an idirlíon.[22]

Ba cheart agallaithe nó a ngaolta a maireann, a chur ar an eolas san áit is féidir nuair atá a dtaifeadadh nó focail le bheith foilsithe nó craolta.

Is dócha go n-iarrfar ar an mbailitheoir cóipcheart a dháileadh má tá taifeadadh le bheith curtha i dtaisce le cartlannaí, nó caomhnóirí eile. Ní gá gur bhfiú úsáideacht agus fiúntas na dtaifeadtaí sa todhchaí, an t-am agus iarracht atá ag teastáil chun taifeadadh a chaomhnú agus a dhoiciméadú gan an dáileadh seo. Chomh maith leis sin, ó phointe riaracháin de, ciallaíonn aistriú cóipchirt go hinstitiúid ainmnithe nach mbeadh gá do thaighdeoirí teagmháil a dhéanamh leis an mbailitheoir nuair nó más mian leo iarratas a dhéanamh chun na taifeadtaí a chóipeáil chun iad a úsáid, mar shampla i dtaispeántas nó i gclár oideachasúil. Dhéanfadh siad iarratas chuig na cartlanna, nó caomhnóirí chun glantachán cóipchirt a fháil.

[22] Cumann Stair ó Bhéal agus Alan Ward Copyright and Oral History, Is your oral history legal and ethical?, 2003 www.ohs.org.uk

Cead Eolach

Tá sé ríthábhachtach go mbeadh an t-agallaí ar an eolas faoi chéard go díreach atá i gceist agat déanamh leis an taifeadadh. An bhfuil sé chun a bheith úsáidte mar uirlis oideachasúil? An bhfuil sé chun a bheith úsáidte do chuspóirí craoltóireachta? An bhfuil seans ann go mbeidh sé á chur i dtaisce chun a bheith caomhnaithe, agus le húsáid sa todhchaí?

Tá sé mar dhualgas ortsa, mar bhailitheoir, cinntiú go mbeidh an t-agallaí curtha ar an eolas faoi aon agus gach úsáid fhéideartha, agus cinntiú go bhfaigheann tú cead ó gach aon duine dóibh. Mura mian leis an agallaí, mar shampla, go mbainfear úsáid as an taifeadadh do chuspóirí craoltóireachta, ní féidir leat ansin é a úsáid don chuspóir sin.

Tá sé níos fearr cead a oibriú amach le foirm ghlantachán cóipchirt. Ba cheart foirm cheada a fháil ón agallaí ag am an agallaimh, nó tar éis trascríbhinn den agallamh a bheith curtha chucu chun a bheith deimhnithe.

Iarrfaidh go leor cartlann, nó caomhnóirí eile, cóip den fhoirm cheada sula nglacfaidh siad le haon taifeadtaí stair ó bheal le bheith curtha i dtaisce.

Foirmeacha Ábhartha

Tá tú ag cur agallaí ar an eolas faoi chuspóir an agallaimh agus a úsáid thodhchaí nuair a iarrann tú air/uirthi foirmeacha ábhartha a chomhlánú, foirm cheada eolaigh agus foirm ghlantachán cóipchirt, agus cinntíonn tú nach mbeidh na hagallaimh faoi réir aon úsáid dhúshaothraithe nó neamhinmhianta eile.

Tá pátrún caighdeánach leis an ngné ghlantacháin go ginearálta. Ceadaíonn sé coinníollacha éagsúla a bheith san áireamh, mar shampla tréimhse dúnta ar feadh tréimhse sonraithe nó úsáid atá teoranta chuig foilseacháin agus cláracha oideachasúla. Tá sé tábhachtach cloí le mianta réasúnacha áirithe an agallaí.

B'fhiú, áfach, maidir le hagallaí ar mian leo tréimhsí dúnta an-fhada a chur i bhfeidhm, mar shampla 70 bliain, fiúntas an bhailiúcháin a mheas agus riachtanais chaomhnaithe agus eile an ábhair ar feadh tréimhse chomh fada a mheas nuair nach féidir rochtain a áisiú chuige.
I roinnt cásanna, b'fhéidir go gcuirfeadh na cartlanna nó an caomhnóir féin tréimhse dúnta i bhfeidhm, más rud é, mar shampla, go bhfuil tagairt phearsanta, rúnda, nó chlúmhillte déanta sna taifid.
Is féidir foirm amháin a úsáid chun ceisteanna ceada agus cóipchirt ar aon a chur san áireamh. Tá foirmeacha samplacha faoi iamh sna haguisíní agus is féidir iad a chur in oiriúint do do chuid riachtanais féin.

Chomh maith leis sin, moltar go n-iarrfar ar aon thaighdeoir a fhaigheann rochtain chuig taifeadadh nó trascríbhinn Foirm de chuid an Achta um Chosaint Shonraí a shíniú freisin. Aontóidh siad san fhoirm seo go mbainfidh siad úsáid as na sonraí pearsanta atá sna taifeadtaí nó na trascríbhinní faoi réir na reachtaíochta, sé sin gan damáiste a dhéanamh nó cur as d'éinne atá mar ábhar na sonraí fad agus atá sé/sí fós beo, agus gan ach torthaí taighde a chur ar fáil i bhfoirm a aithníonn sonraí faoi réir an cheada chuí.

Cabhróidh na céimeanna cuí leat úsáid a bhaint as na taifeadtaí gan cur as do chearta príobháideachais na n-agallaithe agus aon tríú páirtí atá luaite ina gcuimhní cinn.

AG CUR AGALLAIMH

Caibidil 5

Ullmhúchán maith atá taobh thiar d'agallamh maith. D'fhéadfadh cur chuige nach bhfuil pleanáilte go maith cur as d'agallaí féideartha. Faoi mar a dúradh i gCaibidil 3, tá sé riachtanach eolas a bheith agat faoi imeachtaí tábhachtacha i saol an agallaí, chun liosta maith ceisteanna a fhorbairt. Tá gá le taighde domhain ar ábhair ar leith an agallaimh ag an gcéim seo.

Tá go leor leochaileachta ag teastáil chun agallamh a chur ar dhuine faoi chuimhní príobháideacha agus dlúthchuimhní. Caithfear a bheith cúramach freisin meas a bheith ar chuimhní agus brí imeachtaí a saol. Ba cheart go dtuigfeadh duine nuair a aontaíonn duine a saol príobháideach agus dlúthchuimhní a roinnt leat, gur ónóir é iad a chloisteáil agus a bhailiú. Caithfear meas a bheith ar aon choinníollacha a bhaineann leis an agallamh agus scaoileadh an eolais. Mar shampla, b'fhéidir go n-iarrfadh duine nach scaoilfí an t-eolas nó an taifeadadh atá iniata chuig an bpobal nó é a bheith ar fáil ar aon bhealach, go dtí tar éis a bháis, nó méid áirithe blianta ina dhiaidh. Bí cúramach faoi gheallúintí nach mbeidh tú in ann a choinneáil, áfach, mar shampla barántais faoi fhoilseachán agus smacht ar úsáid na n-agallamh tar éis iad a bheith curtha i láthair an phobail.

LIOSTA SEICEÁLA

- Bí ullamh agus eagraithe ☐
- Bí measúil agus cúirtéiseach ☐
- Coinnigh iris faoi na hagallaimh ☐
- Cuir an t-agallaí ar an eolas faoi na húsáidí atá i gceist don taifeadadh ☐
- Cuir an t-agallaí ar an eolas faoi macnamh & riachtanais chóipchirt ☐
- Aimsigh na foirmeacha riachtanacha ceada & glantacháin ☐
- Déan na hagallaimh ☐
- Cuir lipéad agus uimhir ar na téipeanna/ dioscanna ☐
- Déan dúblú den taifeadadh ☐

Tá sé tábhachtach freisin cuimhneamh go bhfuil an t-agallaí ag tabhairt cuntas faoin mbrí pearsanta a chuireann siad ar imeachtaí, agus d'fhéadfadh seo claonadh, agus tuairimí agus dearcaidh phearsanta a chur in iúl. Is féidir le ham agus breathnú siar dearcadh faoi imeachtaí atá san am atá thart a athrú. D'fhéadfadh nach mbeadh rud a cheapfá go bhfuil tábhachtach le cuimhneamh a bheith chomh suntasach agus a bheadh rud a bheadh fágtha ar lár. B'fhéidir gur theip ar an agallóir piocadh suas ar rud éigin agus an cheist nó an téama a fhorbairt níos faide.

D'fhéadfadh go mbeadh sé úsáideach, más rud é go bhfuil tú ag déanamh agallaimh i rith lae amháin, nó thar tréimhse ama, bíodh sin mar lá, seachtain, nó mí, iris nó dialann a choinneáil faoi do chuid coinní, rud a chabhródh leat do dhul chun cinn a leanúint. Beidh tú in ann dáta agus amannta gach agallamh a thaifeadadh, na hábhair a clúdú, aon rud nua atá foghlamtha agat faoi théama do thogra nó faoi scileanna agallaimh, nó díreach nótaí a thaifeadadh faoi do thimpeallacht, suíomh agus mar sin de. D'fhéadfadh na nótaí seo a bheith úsáideach chun cabhrú leis an gcuimhne nuair atá tú ag déanamh tuairisciú faoi do thogra nó ag an gcéim fhoilseacháin.

Roimh an agallamh

Moltar an cur chuige céim ar chéim seo leanas:

- Roghnaigh do chuid agallaithe.
- Críochnaigh do thaighde ar chúlra an togra.
- Bíodh eolas éigin agat faoi d'agallaí agus a saol.
- Déan bunteagmháil leo agus bí cinnte go mbíonn said toilteannach bheith curtha faoi agallamh.
- Eagraigh am agus áit atá feiliúnach daoibh beirt don agallamh.
- Fág maidin nó tráthnóna iomlán saor don seisiún más féidir.

Tá sé níos fearr suíomh atá ciúin a roghnú, áit nach mbeidh aon rud ag cur isteach air, gan aon fhuaim sa chúlra, mar trácht trom, madraí ag tafann agus mar sin de. Go minic is teach an agallaí an áit is fearr don agallamh, áit a mbeidh siad suaimhneach agus compordach. Roghnaigh seomra le troscán bog, a shúann isteach fuaim agus seomra le fuaim íseal sa chúlra cosúil le trácht ag dul thart nó clog. Mar sin de, tá do chuid agallaithe ag tabhairt cuireadh chun tí duit chomh maith le labhairt faoi agus a gcuid cuimhní a roinnt leat. Ba cheart go bhfeicfeá seo mar phribhléid bhreise agus ba cheart duit meas a bheith agat ar a gcuid nósanna agus gnáthamh.

Bí cúramach faoi leibhéal fuaime, agus an tionchar is féidir a bheith ag an ngaoth ar leibhéal fuaime agus mar sin de, má tá an t-agallamh á thionóil agat lasmuigh. Bheadh sé níos fearr dá mbeadh tástáil déanta agat ar an trealamh lasmuigh sula ndéanann tú an t-agallamh féin a thionóil ansin, sa chaoi go mbeidh tú muiníneach faoin mbealach a bheas sé agus fios agat céard iad na hathruithe a bheadh riachtanach chun an caighdeán fuaime is fearr a chinntiú.

Déan cinnte go bhfuil tú ullamh do gach agallamh, agus go mbeidh tú ansin in am.

Tóg am chun comhrá neamhfhoirmiúil a bheith agat leis an agallaí, chun iad a chur ar a suaimhneas, agus chun go mbeidh siad in ann beagán a fháil amach fút, sula socraíonn tú an trealamh agus an jab a thosnú. Chabhródh seo chun a muinín ionatsa a mhéadú, léireodh sé go bhfuil spéis agat iontu agus a gcuid scéalta, agus mhéadfadh sé ar a muinín agus spreagfadh sé iad le bheith oscailte libh.

Cuir ceist ar mhaith leo duine éigin, cara, nó gaol a bheith i láthair don agallamh. D'fhéadfadh seo cabhrú le daoine a bheith ar a suaimhneas, cé go mbeidh an chuid is mó de na daoine oscailte nuair is duine amháin go duine eile atá i gceist. Aontaigh roimh thús an agallaimh, má tá daoine eile i láthair, an bhfuil siad le labhairt freisin, nó b'fhéidir cabhrú le d'agallaí molta. Déan cinnte, má chinneann tú go mbeidh siad rannpháirteach, go dtuigeann siad nach iadsan fócas an agallaimh. Níl tú ag iarraidh go mbeidh duine éigin eile i gceannas an chomhrá, nó an fócas a athrú.

Tá sé tábhachtach ansin an próiseas agallaimh a mhíniú dóibh, chun mothúchán ginearálta a thabhairt dóíbh faoi na limistéir agus téamaí ar mhaith leat a chlúdú agus struchtúr leathan an agallaimh. Mínigh próiseas an taifeadta dóibh, agus mínigh céard a bheas ar siúl agat leis an micreafón agus mar sin de. Cuir an micreafón san áit is feiliúnaí chun an taifeadadh fuaime is fearr a fháil. Ba cheart go mbeadh sé suite timpeall dhá throigh ón agallaí. Cuir i gcuimhne dó/ dí nach bhfuil aon ghá ann a bheith ag deifriú le freagra díreach mar go bhfuil an taifeadán ag rith. Inis dóibh faoin táirge deireadh atá pleanáilte, an bealach a bheas sé curtha i dtaisce agus na polasaithe rochtana.

Abair leo freisin cén fhad a cheapann tú a mhairfidh an t-agallamh. Tá sé inmholta gan na hagallaimh a bheith níos faide ná uair a chloig, mar go mbeidh d'aird agus a n-aird ag laghdú. Tá sé tábhachtach gan an t-agallamh a dhéanamh ró-thapaidh agus mura mothaíonn tú go bhfuil gach ábhar spéise is féidir clúdaithe agat i seasca nóiméad, ba cheart agallaimh le briseadh a dhéanamh, nó lá eile a aontú leis an agallaí.

Cuir in iúl don agallaí má tá siad le bheith íoctha, agus cé méid, as ucht a gcuid ama agus cuimhní. Ní bhíonn súil nó riachtanas le híocaíocht ró-mhinic ach amháin más chun brabús an bhailitheora féin atá an táirge deireanach. Ba cheart seo a mhíniú ón tús más seo an cás. Tá sé béasach ar aon nós, bronntanas beag a thabhairt mar chomhartha buíochais as ucht a gcuid ama agus a bhfáilteachas duit.

Tá sé rí-thábhachtach ag an staid seo míniú céard atá tú chun déanamh leis an taifeadadh, agus cead eolach an agallaí a fháil, i scríbhinn más féidir, chomh maith le dáileadh cóipchirt. Is féidir iarraidh orthu na foirmeacha riachtanacha a shíniú chomh luath agus a bhíonn siad ar an eolas go hiomlán agus go bhfuil siad réidh le dul ar aghaidh. Má tá drogall orthu seo a dhéanamh, ach go gceapann tú go dtabharfaidh siad na ceadanna riachtanacha sa deireadh, tabhair an rogha dóibh síniú tar éis an agallaimh, nó fiú tar éis dóibh cóip de thrascríbhinn an agallaimh a fháil. B'fhéidir go mbeidh gá duit an méid atá bainteach, agus an méid atá riachtanach uatha a shoiléiriú, nó b'fhéidir gur cheart duit cur i gcuimhne dóibh go bhfuil an rogha acu teorainneacha agus coinníollacha rochtana a chur i bhfeidhm. Ach ná cuir brú orthu ar aon bhealach. Má cheapann tú, nó má dhéanann siad soiléir nach bhfuil siad agus nach ndéanfaidh siad cóipcheart a dháileadh nó an fhoirm cheada a shíniú, b'fhéidir go mbeidh gá duit tarraingt as sula mbíonn níos mó de do chuid ama caite, agus b'fhéidir féidearthacht a fhágáil oscailte go mbainfidh tú triail as arís níos moille.

Bí ionraic i gcónaí faoi do chuid aidhmeanna agus cuspóirí agus na próisis atá bainteach. Tuig freisin gur a leagan de na himeachtaí atá á insint duit ag na hagallaithe, agus leagan ionraic is dócha. Ach mura leagan ionraic é, tá sé suas agatsa, agus úsáideoirí eile an ábhair, ráitis a dheimhniú nó bréaga a aithint.

Is iad na seanóirí na spriocghrúpaí a bhíonn ag bailitheoirí stair ó bhéal agus béaloideas de ghnáth. D'fhéadfadh go mbeadh siad faiteach faoi theicneolaíocht, agus a bheith neirbhíseach nó imníoch faoi chaint. Ar an lámh eile, d'fhéadfadh siad a bheith an-oscailte agus cainteach. Tá sé riachtanach a bheith foighneach leo agus a leibhéal compoird, leochaileachtaí agus tuirse a mheas.

Ba cheart agallaimh a thionóil de réir réamhchomhaontais a rinneadh leis an agallaí agus na comhaontais seo a bheith doiciméadaithe don taifeadadh.

An tAgallamh

Beidh agallóir maith in ann a n-agallaí a dhéanamh compordach, a spreagadh chun cainte agus comhrá faoina saol. Beidh agallóir maith eagraithe agus in am. Beidh sé/sí ómósach agus cúirtéiseach, agus aireach faoi riachtanais an agallaí. Beidh sé/sí leochaileach faoi ábhair leochaileacha agus fios acu cén uair le leanúint le ceisteanna áirithe agus cén uair le sruth na gceisteanna a athrú. Beidh sé/sí go maith ag éisteacht. Beidh eolas aige/aici ar a t(h)realamh, beidh an trealamh scrúduithe roimh an agallamh agus beidh go leor cadhnraí agus caiséid nó dioscanna tacaithe aige/aici. Déanann agallóir maith seisiúin a theorú go dtí thart fá seasca nóiméad.

Ba cheart, chomh fada agus tá ullmhúchán feiliúnach déanta, scrúdú déanta ar threalamh agus go bhfuil an leibhéal feiliúnach eolais agat faoin ábhar agus faoin agallaí, go mbeadh tú in ann do chuid ábaltachtaí a dhíriú ar an seisiún agallaimh. Fanann an phríomhfhreagracht maidir le cúrsa stair ó bhéal a thionscnú agus a stiúradh leis an agallóir, agus mar sin bí suaimhneach agus muiníneach, agus coinnigh smacht ar an agallamh. Déan iarracht an t-agallamh a chéimniú sa chaoi go mbeidh go leor ama agat chun na hábhair go léir is mian leat a chlúdú agus chun do chuid ceisteanna go léir a chur. Éist leis an agallaí, agus coinnigh le treo riachtanach an agallaimh.

- Cuir an trealamh taifeadta sa chaoi go mbeidh tú in ann glór a thaifeadadh. Ba cheart go mbeadh tú fós in ann an taifeadán a fheiceáil agus monatóireacht a dhéanamh air ó am go ham, sa chaoi go mbeidh a fhios agat, mar shampla, má tá gá le téip a athrú, agus chun a bheith cinnte go bhfuil na leibhéil thaifeadta i gceart. Déan tástáil le taifeadadh gearr chun breathnú an bhfuil an micreafón ag piocadh suas glórtha agus déan an airde taifeadta a shocrú. Is féidir an t-agallamh a thosnú nuair atá gach rud ag obair.

- Ba cheart tús a chur leis an agallamh le réamhrá beag, a dhéanann an t-agallóir, an t-agallaí, an dáta agus áit an tseisiúin a aithint. D'fhéadfadh sonraí a bheith san áireamh freisin mar shampla dáta agus áit bhreithe an agallaí, gairm, agus roinnt eolas gineolaíochta.

- Coinnigh teagmháil súl leis an agallaí, cuireann seo é/í ar a s(h)uaimhneas an bhfuil tú ag éisteacht agus an bhfuil spéis agat ann/inti. Caithfidh tú, áfach, monatóireacht a dhéanamh ar an trealamh chomh maith chun cinntiú go bhfuil an téip/diosca ag rith i gceart.

- Tosaigh le ceisteanna 'éasca' simplí, cabhróidh seo chun an t-agallaí a chur ar a shuaimhneas. Is féidir, tar éis tamaill, ceisteanna níos déine a chur. Cuir ceisteanna gearra, simplí chun aon mhíchinnteacht a sheachaint. Bain úsáid as fráma áirithe tagartha, mar shampla 'i rith na hÉirí Amach', rud a thugann pointe tosaithe don agallaí chun a f(h)reagra a eagrú.

- Cuir ceisteanna le focail mar, céard, cén áit, cathain agus conas iontu. Ba cheart go gcabhródh seo chun freagra díreach a bhaint amach. Déan iarracht fíricí, mothúcháin, scéalta agus cur síos a fháil.

- Ceann de na rialacha is tábhachtaí faoi bhailiú stair ó bhéal nó ceisteanna stiúrtha a sheachaint, mar go ndéarfaidh daoine go minic an rud a cheapann siad atá tusa ag iarraidh go ndéarfaidh siad.

- Cuir ceisteanna a leanann. D'fhéadfadh fiosrúcháin thráthúla mar seo cabhrú leis an agallaí cuimhneamh ar imeachtaí áirithe a d'fhéadfadh a bheith ligthe i ndearmad ainneoin sin agus freisin chun aon bhréagnú i ráitis nó foinsí scríofa níos luaithe a shoiléiriú. Is cur chuige maith é go minic beagán míthuisceana i do chás féin a chur in iúl sula gcuireann tú ceisteanna breise.

- Déan cinnte go míníonn tú aon rudaí nó radharcanna atá tú ag breathnú orthu go mion. Má dhéanann an t-agallaí rud éigin, suíomh nó méid a léiriú le gluaiseacht láimhe, le ráiteas mar *'…bhí an chuinneog ime chomh hard seo…' ba cheart duit an ráiteas a shoiléiriú le 'bhí an chuinneog thart fá trí throigh ar airde agus troigh trasna.*

- Bain úsáid as fearas más, gá nó má tá siad ar fáil. D'fhéadfá mar shampla grianghraf de dhuine nó fiú an t-agallaí ag tógáil nó ag obair ar bhád a úsáid chun an comhrá a thosnú nó chun dearadh spéisiúil, coimisiún nó fiú timpiste báid a thabhairt i gcuimhne más bád traidisiúnta a thógáil an téama atá agat.

  Má bhaineann do théama le béaloideas agus áitainmneacha, d'fhéadfadh tagairt do léarscáil a bheith úsáideach chun níos mó cainte a spreagadh nó chun scéalta faoi fáinní sí nó suíomh cócaireachta cré-umha a thabhairt chun cuimhne. Bí cinnte, áfach an méid atá tú ag breathnú air a mhíniú ar an taifeadadh; mar shampla, *"Tá muid ag breathnú ar ghrianghraf dubh agus bán de Sheán (an t-agallaí) agus é ag seoladh isteach go Cuan an Chlocháin thart fá 1958...'.*

- Breac síos nótaí. Tá nótaí agallaimh úsáideach chun ceisteanna breise a léiriú más gá, chun eagar a chur le do chuid smaointe, agus chun réamhliosta de rudaí atá le deimhniú a ullmhú. Tá sé cabhrach freisin príomhfhocail agus téamaí a scríobh faoi mar a luaitear iad nuair atá innéacs ábhar á ullmhú don téip/diosca. Ná bí chomh luite sin le nótaí áfach agus a chuirfeadh as don agallaí nó don agallamh féin.

- Iarr ar an agallaí brí bhéarlagair a mhíniú chomh maith le heolas breise a chur ar fáil faoi ábhair nó daoine neamhchoitianta atá luaite san agallamh. Iarr le haghaidh litriú ceart, más gá.

- Ná cur as don agallaí i lár ceiste. Bí measúil, cúirtéiseach agus airdeallach.

- Seachain nathanna mar "uh-huh" nó "um-hum", bain úsáid as teagmháil mhaith súl agus teanga coirp, mar cromadh cinn, miongháire, cuma iontais, imní agus mar sin de chun spéis a chur in iúl.

- Ná bíodh eagla ort roimh chiúnas. Is maith le roinnt daoine sos a bheith acu idir abairtí. Ní gá ciúnas gearr a líonadh de ghnáth. Is féidir le rith agus brú le haghaidh freagraí cur as don agallaí. Is féidir le sos am a thabhairt don agallaí smaoineamh faoi eolas breise. D'fhéadfadh an t-eolas sin a bheith caillte má tá tú ró-thapaidh le do chéad cheist eile.

- Má tá an chaint ag strae ó ábhar an agallaimh, tar ar ais trí cheist thuisceanach a chur ó do cheistneoir.

- Ná bíodh i gceist le do chuid ceisteanna ach treoir agus ní ceistneoir dian. Ná bí i do shuí ansin ag faire ar cheisteanna – is féidir leis sin cur as don teagmháil súl atá tú ag iarraidh a chothú.

- Beidh níos mó eolais á fháil agat leis an méid taighde a dhéanann tú. D'fhéadfadh seo a bheith mar chathú é a léiriú do d'agallaí. D'fhéadfadh go gceapadh siad ansin cén fáth go bhfuil tú ag bacadh le ceisteanna a chur orthu faoi a gcuid cuimhní, nó b'fhéidir go gcuirfidh siad go leor nathanna mar "tá a fhios agat' ina bhfreagraí agus go gcaillfear sonraí dá bharr, is cleachtadh maith é 'do chuid feasa a chur i bhfolach'.

- B'fhéidir, dar ndóigh, go bhfuil eolas aimsithe agat le linn do thaighde agus gur mhaith leat tuairim an agallaí a fháil. Ná déan mórtas faoi do chuid taighde 'Léigh mé gur?' – fan soineanta agus abair rud éigin cosúil le 'Dúirt duine éigin liom…?' agus ansin iarr a gcuid tuairimí uatha.

- Éireoidh tú féin agus d'agallaí tuirseach agus mar sin tá sé inmholta nach mbeadh aon seisiún níos faide ná uair a chloig, agus b'fhiú b'fhéidir briseadh a thógáil idir na seisiúin (nuair atá téipeanna á n-athrú, b'fhéidir).

- Cuir ceist ar an agallaí, roimh dheireadh an agallaimh, an bhfuil aon rud ar mian leo a rá. D'fhéadfadh siad cuimhneamh ar rud éigin a cheapann siad atá tábhachtach agus nár fhiafraigh tú dóibh faoi.

- Ná déan dearmad gur agallamh agus ní comhrá atá anseo. Tá tú ansin le scéal an agallaí a bhailiú, ní chun go gcloisfidh siadsan do cheann. Is ag deireadh an agallaimh an t-am chun comhrá a thosnú, nuair atá an taifeadán casta as!

- Gabh buíochas leis an agallaí as ucht a gcuid ama agus scéalta.

Is fiú freisin grianghraf a thógáil den agallaí, cuir ceist an bhfuil sé ceart go leor sin a dhéanamh.

Ná déan dearmad glantachán cóipchirt a fháil, mura bhfuil sé déanta agat roimh an agallamh!

Tar éis an Agallaimh

Tóg am agus gabh buíochas le d'agallaí agus déan comhrá 'neamhfhoirmiúil' más sin is mian leo. Tabhair do chuid sonraí teagmhála dó/di sula n-imíonn tú, ar eagla go bhfuil aon cheisteanna eile acu duit. Abair leis/léi más gá duit teacht ar ais le haghaidh tuilleadh seisiún. Má tá taifeadadh á dhéanamh agat do chuspóirí craoltóireachta abair leo cén uair a cheapann tú a bheas a dtaifeadadh á chur amach ar an aer, agus abair leo go gcuirfidh tú in iúl dóibh amach anseo faoi dáta agus am cruinn an chraolta.

Tá sé tábhachtach lipéad soiléir a chur ar an gcaiséad nó diosca agus a bhosca. Ag taifeadadh ar an íosmhéid eolais seo a leanas:

Uimhir Téipe/ Diosca, mar shampla 1 nó 3

- Taobh na téipe (A nó B), más cuí
- Brú isteach an dá lipéad ag barr an chaiséid sa chaoi go féidir glantachán trí thaisme ar an agallamh trí ath-thaifeadadh a sheachaint.
- Dáta an Agallaimh
- Ainm an Agallóra
- Ainm an Agallaí
- An áit a tionóladh an t-agallamh
- Ainm an Togra
- Máistir nó Cóip

Ba cheart duit litir bhuíochais a chur ag an agallaí, as ucht a bheith rannpháirteach sa seisiún, tar éis an agallaimh.

Déan do chóip chaomhnaithe den taifeadadh ar CD-R nó DLT, agus déan do chóip rochtana freisin. Seachain gan an mháistir-chóip a úsáid as sin amach. (Féach Caibidil 7 le haghaidh tuilleadh sonraí).

TRASCRÍOBH & FOILSIÚ

Caibidil 6

Is é tasc an bhailitheora, tar éis an agallaimh nó bainistiú táirge, trascríobh, eagarthóireacht, foilsiú agus stóráil. Déantar plé ar an stóráil agus an cartlannú i gCaibidil 7. Ba cheart iarracht a dhéanamh i gcónaí cinntiú go gcloíonn úsáid na dtaifeadtaí agus na trascríbhinní le litir agus spiorad chomhaontas an agallaí.

Trascríobh

Tar éis duit d'agallamh a chríochnú, agus na cóipeanna caomhnaithe agus rochtana a tháirgiú, beidh ort ansin é a thrascríobh. Níor cheart duit an mháistir-théip/ diosca a úsáid ag an gcéim seo, ach cóip oibre, cóip a ba cheart duit a bheith déanta chomh luath agus is féidir tar éis an agallaimh. Is é an trascríobh an chuid is fadalaí den togra um bhailiú stair ó bhéal.

ACHOIMRE SEICEÁLA

- Cruthaigh Formáid trascríbhinní ☐
- Trascríobh ☐
- Cinntigh go ndéantar aon trascríobh, eagarthóireacht agus úsáidí eile ó chóip agus ní ón mbuntaifead ☐
- Deimhnigh an trascríobh leis an agallaí ☐
- Foilsigh más gá ☐

Tá tábhacht le trascríbhinní mar,

- Go bhfuil sé níos éasca eolas a fháil uathu ná ó thaifeadtaí fhuaime.
- Tá siad úsáideach chun fíricí a sheiceáil leis an agallaí.
- Beidh daoine in ann iad a úsáid sa todhchaí.

Is obair an fhadalach agus mall atá sa trascríobh. Meastar go dtógfadh tascríbhinn gharbh, gan gach focal san áireamh nó trascríbinn chruinn gan gá le promhadh, idir 4-6 uaire do gach 60 nóiméad de thaifeadadh fuaime. D'fhéadfadh trascríbhinn de gach focal den taifeadadh, lena n-áirítear taobh-ráitis, agus taifeadtaí lena n-áirítear béarlagair teicniúil nach bhfuil coitianta don trascríbhneoir nó go leor rannpháirtithe idir 6 – 10 uaire.

Ba cheart macnamh a dhéanamh ar dtús mar sin, an fiú gach agallamh a thrascríobh; an agallamh fiúntach a bhí ann? Ar fhoghlaim tú aon rud as an ngnáth? D'fhéadfá na nithe seo a chur san áireamh,

- Céard iad na hacmhainní (airgeadas agus pearsanra) atá riachtanach?
- Céard iad na hacmhainní atá ar fáil?
- Céard atá suntasach faoin agallamh?
- Céard é an táirge deireanach atá le fáil ón agallamh seo?
- Cé hiad lucht éisteachta féideartha an agallaimh? An bhfuil sé riachtanach trascríobh a dhéanamh ar an agallamh chun an lucht éisteachta seo a shroicheadh?
- An bhfuil an t-ábhar le cur i dtaisce i gcartlann nach bhfuil in ann glacadh le hábhar ach amháin má tá trascríbhinní iomlána leis.

Mura gcuireann na hacmhainní ar do chumas trascríbhinn iomlán a chur ar fáil caithfear ar a laghad achoimre nó meabhrán den ábhar a chur ar fáil. Ba cheart go mbeadh tú in ann cur síos gearr ach cruinn a thabhairt faoi shonraí tábhachtacha d'agallaimh, agus sonraí faoi na príomhthéamaí, ábhar agus scéalta a pléadh. Tá sé inmholta go léifeadh an t-agallaí an téacs, go háirithe aon rud bainteach le hábhair shonraithe nó chonspóideacha, chun é a dheimhniú.

Tá caighdeáin idirnáisiúnta ann le haghaidh trascríobh agus rangú a dhéanamh ar thaifeadtaí fuaime agus scannán, áirítear leo seo:

- Cód um thaifeadadh caighdeánach idirnáisiúnta (ISRC), caighdeánaithe mar ISO 3901:1986.
- Cumann Idirnáisiúnta Fuaime agus Cartlanna Clos-amharc (IASA) Rialacha Catalóig.
- Cónaidhm Idirnáisiúnta Chartlanna Scannánaíochta (FIAF) Rialacha Catalóig do Chartlanna Scannánaíochta

Mura bhfuil tú in ann cloí leis na caighdeáin seo, tá sé fós thar a bheith tábhachtach go ndéanfadh tú forbairt ar fhormáid chaighdeánach do thrascríbhinní agallaimh agus go gcuirfeadh tú na treoracha cuí in iúl do do thrascríobhaí. Ba cheart do thrascríobhaí trascríbhinn verbatim a chur ar fáil. Cuireann an fhormáid liostáilte[23] thíos trascríbhinn éasca le léamh ar fáil:

[23] Tógtha ó Hart, Elisa, *Getting Started in Oral Traditions Research*, Ceanada, 1995, http://pwnhc.learnet.nt.ca

- Tá sé níos fearr duit do thrascríbhinn a chlóscríobh agus ní a scríobh le lámh más féidir. Tá sé níos éasca é a léamh agus a cheartú más gá.

- Clóscríobh, ag barr an leathanaigh
  > Ainm an togra
  > Uimhir na téipe/ diosca (agus taobh na téipe A nó B) / (Diosca 1 nó 2)
  > Ainm an agallaí,
  > Dáta an agallaimh,
  > An áit a rinneadh é, agus
  > Ainm an trascríbhneora.

- Bain úsaid as imeallacha orlaí amháin ar gach taobh den leathanach, le téacs spásanna dúbailte.

- Cuir uimhir ar gach leathanach agus bain úsáid as ceannteideal "Do Chuspóirí Tagairtí Stairiúla" nó "Do Thagairtí Amháin" os cionn ainm agallaí.

- Ainmnigh gach cainteoir ag tús a c(h)uid tuairimí, trí ainm an rannpháirtí a chlóscríobh i mbloclitreacha troma, le hidirstad ina dhiaidh.

- Déan **gach** focal a deirtear a chlóscríobh. Fiú má dhéanann an t-agallaí athrá.

- Fág amach fuaimeanna mar "um" nó "ah."

- Má dhéanann duine éigin gáire, cuir sin idir lúibíní (gáire). Má stopann duine ag caint ar feadh nóiméid, cuir an focal 'sos' idir lúibíní (sos). Má scríobhtar seo síos cabhraíonn sé le daoine an méid atá an t-agallaí ag rá a thuiscint, agus léiríonn sé má tá rud in ainm a bheith greannmhar. Cuimhnigh nach mbíonn an t-eolas ar fad a bhíonn ag an agallóir ag an té atá ag léamh na trascríbhinne, an glór agus an teanga coirp nach féidir a chur in iúl ar pháipéar.

- Déan taifead de rudaí mar "uh-huh" nó "um-hum" mar Sea mar fhreagra ar cheist áirithe. Léiríonn tús bréaga athrú smaointe go minic agus ba cheart go mbeadh sé le feiceáil sa trascríbhinn scartha ón gcuid eile den téacs le dhá líne (--).

- Ba cheart pátrúin chainte agus tréithe neamhghnáthacha nó réigiúnach (sé sin, blas/canúintí agus úsáid fhrásaí mar “tá a fhios agat” ‘srl) a thrascríobh chomh fada agus is féidir. D’fhéadfadh na frasaí seo go leor a nochtadh faoi charachtar pearsanta an agallaí. Ba cheart go mbeadh seans ag an agallaí, áfach, na nithe seo a scrios le linn athbhreithniú ar an trascríbhinn, nó d’fhéadfadh an t-agallóir agus/nó an t-eagarthóir iad a fhágáil ar lár le linn eagarthóireachta tar éis blas dóibh a chur in iúl le cúpla sampla.

- Mura dtuigeann tú focal éigin, nó mura bhfuil an taifeadadh inchloiste nó as riocht, cuir "___ ", agus do go leor focal " ___+." Má tá alt suntasach nach bhfuil inchloiste, déan an tréimhse ama a mheas "___ (___soicind)."

- Bain úsáid as lúibíní cearnógacha [ ] más mian leat tuairim a thabhairt faoin trascríbhinn. Uaireanta cuirtear tuairimí le trascríbhinní chun cabhrú leo siúd atá á léamh an méid atá an t-agallaí ag rá a thuiscint.

- Déan do chuid tuairimí a scríobh/ a chló le scríobh cló/peann daite difriúil má théann tú siar ar an trascríbhinn leis an agallaí.

- Cuir isteach lúibíní, má tá sin riachtanach, faoin gcúis a cuireadh isteach ar an agallamh nó gur casadh as an taifeadán (mar shampla, [Chuir glaoch fóin isteach ar an agallamh]).

- Léirigh deireadh taoibh, i mbloclitreacha má tá caiséad téipe á úsáid, (mar shampla, DEIREADH AN TAOIBH).

- Bain úsáid as CUID 1 DE 3 má tá go leor téipeanna nó dioscanna á n-úsáid.

Eagarthóireacht

Déan polasaí eagarthóireachta a fhorbairt. Mar shampla, mar gur comhrá atá i gceist le taifeadadh, d'fhéadfadh go mbeadh na habairtí as riocht, nó ag rith thar go leor línte, agus b'fhéidir go gcinnfeadh tú, mar ábhar polasaí, iad a fhágáil faoi mar atá nó go leor abairtí a chruthú as frásaí éagsúla nó neamhchríochnaithe. Déan litriú a sheiceáil. Déan cinnte go bhfuil áitainmneacha litrithe i gceart, agus déan iad a sheiceáil leis an agallaí má tá aon dabht fúthu.

Is cleachtadh maith é cóip den trascríbhinn eagraithe a chur chuig an agallaí mar eolas dó agus chun athbhreithniú a dhéanamh air. Is féidir, ar mhaithe le cuspóirí tagartha, iarraidh orthu soiléiriú a dhéanamh ar aon sonraí nó tuairimí ag an bpointe seo. Ná spreag iad chun píosaí a scriosadh ón téacs más féidir.

Moltar dara athbhreithniú, ag an bpointe seo, chun aon bhotúin litrithe nó neamart eagarthóireachta eile a sheiceáil sula ndéantar trascríbhinn ghlan a phriontáil.

Foilseachán

Breathnaigh ar cheist chruinneachta agus inbhraitheachta an eolais thaifeadta sula dtéann tú níos faide. Ba cheart do gach duine a bhaineann úsáid as taifeadadh stair ó bhéal, agus aon fhoinse eile, mar shampla staraithe nó socheolaithe, úsáid a bhaint as breithiúnas criticiúil nuair atá agallaimh á n-úsáid, díreach mar go bhfuil duine ag rá go bhfuil rud éigin fíor, is cuma cé chomh deimhneach agus atá siad, ní chiallaíonn sin go bhfuil an rud fíor. Ba cheart, ainneoin sin, go mbeadh trascríbhinní athbhreithnithe agus eagraithe curtha le chéile ar an mbealach céanna agus curtha sna cartlanna cuí.

Beidh tú tar éis, mar chuid de chuspóir do thogra, cinneadh a dhéanamh cheana féin faoi chéard atá i gceist agat déanamh leis an taifeadadh. Is féidir leat, ag glacadh leis go bhfuil siad maith go leor agus den chaighdeán riachtanach, agus go dtugann siad cuntas ionraic faoi chuimhní duine éigin, dul ar aghaidh agus foilsiú faoi mar a bhí ar intinn agat.

Ba cheart go hidéalach, chun gur fiú é a fhoilsiú go mbeadh eolas uathúil agus tábhachtach i gceist le hagallamh, a bheith mealltach do lucht éisteachta mór, agus a bheith in ann seasamh as féin mar fhoilseachán.

Is formáid eile é cnuasach d'agallaimh bhainteacha. D'fhéadfadh rogha ó agallaimh éagsúla nó trascríbhinní iomlána a bheith i gceist le cnuasach.

Is féidir agallaimh a fhoilsiú i bhfoirm leabhair nó le CD, nó ar an idirlíon.

AG TABHAIRT AIRE DO DO CHUID MEÁN AGUS CARTLANNÚ

Caibidil 7

Tá sé tábhachtach cuimhne gur imirce an t-aon bhealach inmharthana caomhnaithe is cuma cén fhormáid nó meán a úsáideann tú le haghaidh taifeadta. Beidh na meáin uilig imithe i léig i gcaitheamh ama. Íslíonn iompróirí fisiciúla, mar téipeanna agus dlúthdhioscanna agus iad ag dul in aois, cuid acu go tapaidh, cuid acu níos moille, agus tionchar ag an mbealach a bhainistítear iad orthu go léir.

Tá sé riachtanach de bharr éabhlóid thapaidh sa teicneolaíocht a bheith suas chun dáta leis an luacháil chartlainne reatha maidir le córais, formáidí, crua-earra agus bogearra. Ní dhéanfaidh an chaibidil seo ach cuid de na gnéithe bainteacha a phlé agus déanfar iarracht riachtanas feasachta agus cigireacht leanúnach chun inrochtaineacht fhadtéarma do chuid taifeadta a aibhsiú.

ACHOIMRE SEICEÁLA

- [ ] Cinntigh cúram & stóráil feiliúnach láithreach don bhuntaifeadadh
- [ ] Stóráil sna coinníollacha is fearr, sin timpeallacht fionnuar, tirim agus glan
- [ ] Cinntigh go bhfuil na bunthaifeadtaí dúblaithe ar CD-R, CD-ROM, DAT nó DLT, & stórálta faoi réir an chleachtais is fearr
- [ ] Déan na taifeadtaí a dhigitiú, más gá
- [ ] Déan athnuachan ó am go ham
- [ ] Déan aistriú go dtí an meán caomhnaithe is fearr sula dtarlaíonn aon scrios
- [ ] Déan gach iarracht agus téip/diosca á ndúblú cóip dhílis de ghlór an agallaí a chaomhnú
- [ ] Coinnigh taifeadtaí metadata

Ciallaíonn cailliúint fhéideartha tacaíocht do threalamh analóige agus téipeanna i measc soláthraithe agus teicneoirí gurbh é an córas digiteach an rogha is inmharthana. Tá seans maith ann go mbeidh tacaíocht ar fáil do CD-R ar feadh i bhfad. Meastar go mbeidh saol iompróra measartha fada aige (mairfidh sé níos faide ná an teicneolaíocht féin, a bheas as dáta i gceann 20 bliain, nó b'fhéidir níos luaithe), agus is féidir é a úsáid go solúbtha mar straitéis dhroichid chuig an ollchóras nó mar chuid den ollchóras.

Ainneoin sin, cabhróidh cúram agus láimhseáil maith don iompróir (téip nó diosca) chun rochtain chuige a chinntiú chomh fada agus atá na hardáin bhogearra agus crua-earra[24] fós ar fáil. Tá sonraí do na coinníollacha stórála is fearr tugtha anseo thíos, ach ciallaíonn sé go simplí go gcaithfear an t-ábhar a stóráil ag teocht agus taise *leanúnach*, mar is fionnuaire agus is tirime is fearr.

Cuimhnigh go féidir ionadaíocht digiteach a chóipeáil gan aon bhotúin nuair atá taifeadadh á aistriú agat. Cuireann ath-thaifeadadh (cóipeáil) ar ionadaíocht analóige as dóibh agus islíonn iad.[25]

Achoimre ar Chaighdeáin Thimpeallachta a mholtar sa Chaighdeán Breataine, BS 4783 do Stóráil Shonraí Meán

Gaireas	Feidhmiú	Neamh-fheidhmiú	Stóráil Fadtéarma
Caiséid de théipeanna maighnéadacha 12.7m	18 – 24ºC 45 – 55% RH	5 – 32ºC 5 – 80% RH	18 – 22ºC 34 – 45%
Cartúis de Théipeanna Maighnéadacha	10 – 45ºC 20 – 80% RH	5 – 45ºC 20 – 80% RH	18 – 22ºC 34 – 45% RH
Téip Mhaighnéadach 4 agus scan caisirníneach 8mm	5 – 45ºC 20 – 80% RH	5 – 45ºC 20 – 80% RH	5 – 32ºC 20 – 60% RH
CD-ROM	10 – 50ºC 10 – 80% RH	-10 – 50ºC 5 – 90% RH	18 – 22ºC 35 – 45% RH

[24] Ailtireacht chrua-earra agus/nó bogearra. Féach *Téarmaíocht* san aguisín.
[25] Henry Martin Gladney 'Audio Archiving for 100 years and Longer: Once we Decide What so Save, How Should We Do It?, *J.Audio Eng. Soc.,* Iml. 49, Uimh. 7/8, 2001 Iúil / Lúnasa

Straitéisí Caomhnaithe

Áirítear ceártas agus imirce leis na straitéisí caomhnaithe is feiliúnaí.

- Áirítear le *ceártas* timpeallacht a chruthú ar ardáin nua crua-earra agus bogearra a fheidhmíonn díreach cosúil leis an ardán níos sine; déanann sé aithris ar an mbun-thimpeallacht. *Séard atá sa cheártas nó bealach le feidhmíocht agus rochtain a chaomhnú chuig eolas digiteach a d'fhéadfadh a bheith caillte de bharr dul i léig na teicneolaíochta.*[26] Sén buntáiste a bhaineann le cur chuige mar seo nó go gcuireann sé fad le saol meán stórála, formáidí comhaid reatha agus mar sin de. Tá costas timpeallacht cheártais a chruthú mar mhíbhuntáiste.

- Séard is ciall le *himirce* nó an t-ábhar stórálta go léir a chóipeáil ó ardán níos sine go dtí ceann níos nua-aimseartha. Is sampla é imirce ó théip chaiséid go CD. *Séard atá in imirce nó imirce thréimhsiúil d'ábhar digiteach ó chumraíocht chrua-earra/bhogearra amháin go ceann eile, ó ghlún amháin teicneolaíocht ríomhaire go glún níos moille*.[27] Cé gur próiseas measartha simplí é seo, méadaíonn ar an iarracht ag brath ar an méid sonraí atá stórálta. Má tá sonraí á stóráil agat go digiteach baintear seo amach trí chinntiú go ndéantar ath-chódáil ar an eolas digiteach i bhformáidí nua sula mbíonn an tseanfhormáid imithe i léig.

- Is cuma faoin straitéis fhadtéarma, ba cheart go ndéanfaí smacht cáilíochta ar an meán stórála reatha go tréimhsiúil. Déan cruinneacht na sonraí a sheiceáil go rialta (go bliantúil mar shampla) trí samplú a dhéanamh ar na himleabhair.

- Ba cheart 'athnuachan' rialta a dhéanamh ar na meáin reatha go léir. Áirítear leis seo imirce chórasach ar ábhar stórálta go meán níos nua agus níos úire, mar shampla ó CD amháin go ceann eile, chun sonraí a chosaint ó lofa meán an iompróra.

- Ba cheart deimhniú, le linn an bhunpróisis stórála agus le linn an phróisis athnuachan, gur éirigh le scríobh na sonraí. Ní gá go mbeadh na meáin gan locht.

[26] Leabharlann Náisiúnta na hAstráile, PADI Ag Caomhnú rochtain chuig Eolas Digiteach, Leabharlann Náisiúnta na hAstráile www.nla.gov.au.padi
[27] ibid

Téigh i gcomhairle, do threoirlínte maidir leis an gcritéar chun meáin stórála a roghnú, le treoirlínte Cartlanna Náisiúnta (RA), *Ag Roghú Meáin Stórála do Chaomhnú Fadtéarma*.[28] Breathnaíonn na treoirlínte seo ar mheáin éagsúla, agus déantar macnamh orthu maidir le fadtéarmacht, cumas, inmharthanacht, dul i léig agus goiliúnacht. Mar shampla, deir na treoirlínte maidir le dul i léig: *'Gur cheart do na meáin agus an crua-earra agus bogearra tacaithe a bheith bunaithe go roghnach ar theicneolaíocht aibí, agus ní ar theicneolaíocht imeall-stiúrtha, agus ba cheart go mbeadh sé bunaithe go maith san áit mhargaidh agus ar fáil go forleathan. Ba cheart do theicneolaíochtaí meán atá bunaithe ar chaighdeáin oscailte do na meáin agus tiomáint ar aon a bheith roghnaithe go ginearálta thar cinn atá bainteach le déantúsóir amháin.*[29]

Áirítear cárta scórála maidir le roghnú meán leis na treoirlínte, bunaithe ar chritéir éagsúla, chun na meáin atá ar fáil faoi láthair a mheas. Níor cheart, mar riail ghinearálta aon mheán le scór níos lú ná 12 a chur san áireamh.'

Tá cárta scórála samplach, ag cur cineálacha coitianta meán i gcomparáid, léirithe anseo thíos[30]:

Meán	CD-R	DVD-R	Zip Disk	3.5" Diosca maighnéadach	DLT	DAT
Fad saoil	3	3	1	1	2	1
Cumas	2	2	1	1	3	3
Inmharthanacht	2	2	1	1	3	3
Dul i léig	3	2	2	3	2	2
Costas	3	2	1	1	3	3
Goilliúnacht	3	3	1	1	3	2
Iomlán	**16**	**14**	**7**	**8**	**16**	**14**

[28] Brown, Adrian,Anailíseoir Cartlanna Digiteacha, Cartlanna Náisiúnta (RA) *Selecting Storage Media for Long-Term Preservation,* RA, 2003
[29] *ibid*
[30] *ibid*

Metadata

Déan cinnte go gcoinníonn tú taifeadtaí metadata. Sé sin sonraí faoi shonraí, nó eolas faoi eolas; is metadata atá i gceist le catalóg leabharlainne mar go ndéanann sé cur síos ar fhoilseacháin. Tá sé de chuspóir aige cabhrú chun teacht ar fhoinsí trí cur síos beacht a dhéanamh faoi dhoiciméad nó foinse. Cabhraíonn sé chun eolas digiteach a aithint, a eagrú agus cabhraíonn sé le húsáideoirí deiridh an t-eolas a aimsiú agus a shuíomh. Is féidir Metadata a roinnt i dtrí chatagóir

- Cur síos, is cruthaitheoir, cinnteideal teidil agus ábhair é.

- Struchtúrtha, mar shampla méid an chomhaid, amannta leasaithe, na dátaí agus amannta a dhéanann tú athnuachan agus imirce ar do chuid taifeadadh, sonraí faoi na formáidí atá tú ag aistriú chucu agus mar sin de.

- Riarachán, lena n-áirítear an bealach atá sé táirgthe agus úinéireacht.

Is é Tacar Réimsí Lár-Eilimint Átha Cliath an tsamhail a cheart a úsáid. Lárnach don smaoineamh taobh thiar den Lár-thacar Átha Cliath tá comhthuiscint idirdhisciplíneach, idirnáisiúnta agus mar sin de glactar leis mar an scéim is ceannasaí chun cuspóir cur síos simplí acmhainne a bhaint amach, go háirithe maidir le hacmhainní idirlín.

Tá sé thar a bheith tábhachtach cinntiú go gcoinníonn tú taifid le sonraí iomlána de na próisis dhúblaithe go léir, is cuma an ó téip go téip é nó aistriú ó téip go CD, nó CD go DLT.

Tuilleadh eolais ar fáil *Lár-thiosnscnamh Metadata Átha Cliath* (DCMI)
www.dublincore.org

Ag tabhairt Aire agus ag Láimhseáil Meáin CD

- Ná bain don diosca ach ar an imeall seachtrach, nó an poll sa lár, chun marcanna méar agus eile a sheachaint ar an dromchla.
- Ná bain den dromschla taifeadta riamh, nó ná leag síos ar dhromchla crua é.
- Stóráil an diosca ina chás cosanta.
- Stóráil ag seasamh suas díreach (cosúil le leabhar) i gcásanna plaisteacha.
- Cuir na dioscanna ar ais i gcásanna stórála tar éis úsáide i gcónaí.
- Ná hoscail pacáiste diosca intaifeadta go dtí go bhfuil tú réidh chun sonraí a thaifeadadh ar an diosca.
- Bain úsáid as peann feilte **neamh-tuaslagach** chun taobh lipéide an diosca a mharcáil. Ná bain úsáid as peann nó aon rud géar eile chun lipéad a chur ar do chuid dioscanna. Bain úsáid as peann feilte. Is é an áit is sábháilte chun do CD a lipéadú nó an lár glan in aice an ghreama láir.
- Ná déan iarracht aon rud atá scríofa ar dhromchla an diosca a ghlanadh.
- Ba cheart lipéid ghreamaithe a sheachaint.

Más gá duit salachar méar a bhaint as an taobh léamh den diosca:-

> Bain úsáid as éadach glantachán-CD nó as éadach glan cadáis, agus glan an diosca ón taobh istigh go dtí'n taobh amuigh, ingearach leis na traiceanna.

> Ná cuimil go ciorclach thart ar an diosca, mar d'fhéadfadh seo an diosca a scríobadh ar traic má tá salachar ar an éadach.

> Is féidir úsáid a bhaint as leacht glantacháin CD atá ar fáil, eitíl nó alcól *isopropyl*, uisce glan nó galúnach.

> Ná bain úsáid as gásailín, ceírisín, *benzene*, aiceatón, tanaitheoir laicir, oibrithe frith-statach, nó glantóirí ceirníní mar go bhféadfadh siad damáiste a dhéanamh don dromchla taifeadta.

Cúram agus Láimhseáil Téipeanna

- Ná bain úsáid ach as téipeanna nua. Ceannaigh téipeanna caighdeánacha ó chomhlachtaí iomráiteacha.

- Déan cinnte go bhfuil na clibeanna brúite amach sa téip chaiséid (ba cheart seo a bheith déanta láithreach tar éis taifeadta, chun ath-thaifeadadh trí dhearmad a sheachaint).

- Ná déan do chuid caiséad a scrios agus a úsáid arís do do chuid agallamh.

- Déan cinnte go bhfuil an téip ag rith sula dtosaíonn tú ag taifeadadh nó ag casadh. s féidir leis an iomarca scaoilte fadhbanna a chruthú don téip agus í ag dul tríd an gcaiséad. Chomh maith leis sin, is féidir leis an ngluaiseacht tobann a chruthaítear go minic nuair atá taifeadán ag rith brú a chur ar an téip nó í a shíneadh.

- Ná déan téipeanna a athchasadh tar éis gach úsáid. Is féidir le hathchasadh teannas míchothrom a chruthú laistigh den téip, mar sin de, déan na téipeanna (caiséad agus ríl go ríl) a stóráil tar éis iad a bheith casta. Ná déan an téip a athchasadh sula ndéantar í a stóráil.

- Stóráil na caiséid ina gcuid boscaí plaisteacha ag teocht leanúnach ar shiúl ó theas ard, taise agus réimsí maighnéadacha. D'fhéadfadh ríomhairí pearsanta agus próiseálaithe focal, chomh maith le maighnéid na réimsí seo a chruthú.

- Stóráil in imshaol fionnuar, glan, saor ó dheannach, tirim agus dorcha, ag teocht seasmhach de 18°C & 40% taise choibhneasta.

- Cinntigh go ndéantar glantachán rialta ar an taifeadán, mar go bhféadfadh seo damáiste a dhéanamh do na téipeanna.

- Dúblaigh na hagallaimh go CD-R agus/nó DLT chomh luath agus is féidir. Bain úsáid as an dúblú CD chun trascríobh a dhéanamh ar an agallamh, don eagarthóireacht agus d'éisteacht phoiblí. Ainmnigh an leagan CD-R nó DLT mar an chóip chartlainne.

Achoimre

Ba cheart na téipeanna nó dioscanna, trascríbhinní agus/nó achoimre agus ábhair thacaithe (mapaí, grianghraif, doiciméid, agus comhaontais rochtana agus chóipchirt) agallaimh go léir a bheith curtha i gcatalóg cuí agus a bheith stórálta sa timpeallacht chuí. Ba cheart go mbeadh rochtain ag taighdeoirí, chun caitheamh agus cuimilt ar an mbun-iompróir a sheachaint, tríd cóip oibre (ní an máistir), is cuma an ar téip nó CD atá sé.

Tá sé inmholta do chuid taifeadtaí a bheith i dhá fhormáid éagsúil ar a laghad, mar shampla an bunmháistir ar an téip chaiséid nó miondhiosca, agus na cóipeanna caomhnaithe, rochtana agus cóipeanna eile ar CD-R. Is féidir taifeadadh CD-R a dhigitiú ina dhiaidh sin agus a stóráil ar DAT nó DLT go roghnach.

AGUISÍNÍ

FOIRM CHEADA

Ainm an Agallaí: _____

Ainm an Agallóra: _____

Teideal an Togra: _____

Áit: _____
(cuir isteach baile fearainn agus paróiste)

Dáta: _____

Bainfear úsáid as taifeadtaí an agallaimh seo, bíodh siad mar thaifeadtaí fuaime, físe nó grianghraif, agus aon aistriúcháin, agus/nó trascríbhinní agus/nó íomhánna a bhíonn mar thoradh orthu, ar mhaithe leis na cuspóirí seo a leanas:

_____

_____

_____

_____

Ní bhainfidh an t-agallóir úsáid as taifeadtaí agallaimh, bíodh siad mar thaifeadtaí fuaime, físe nó grianghrafach agus na haistriúcháin, agus/nó trascríbhinní, agus/nó íomhánna a bhíonn mar thoradh ar agallamh ar mhaithe le haon chuspóir eile gan chead ón agallaí.

Aontaím go mbainfear úsáid as an eolas de réir na gcoinníollacha thuasluaite.

Síniú an Agallaí: _____ **Dáta:** _____

Aontaím go mbainfear úsáid as an eolas de réir na gcoinníollacha thuasluaite.

Síniú an Agallóra: _____ **Dáta:** _____

NÓTA IMRÉITIGH

Is é cuspóir an chomhaontais thaisce seo nó chun cinntiú go gcuirfear do shíntiús le bailiúchán

_____

[ainm na heagraíochta]

de réir, go daingean, do chuid treoracha. Déanfar an t-ábhar go léir a chaomhnú mar fhoinse thagartha bhuan chun a úsáid i dtaighde, foilseachán, léachtanna, craoltóireacht agus ar an idirlíon.

Luaigh, le do thoil, na coinníollacha, más mian leat rochtain phoiblí chuig do shíntiús a theorú ar feadh tréimhse de bhlianta (suas go uasmhéid 30 bliain)

_____

_____

_____

Dáilim, leis seo, cóipcheart mo shíntiús chuig:_____

[ainm na heagraíochta]

Sínithe: _____

Dáta: _____

Seoladh:_____

_____

_____

_____

_____

_____

Sínithe: _____

[Ar son d'eagraíochta]

Dáta: _____

FOIRM IMRÉITIGH

Ainm an Togra:……..……

DÁILEADH CÓIPCHIRT & FOIRM CHEADA DO THAIFEADADH STAIR Ó BHÉAL

Is é cuspóir an dáilithe agus an cheada seo nó ……..…… (ainm an togra) a chumasú chun cuimhní taifeadta daoine a choinneáil agus a úsáid go buan.

Maidir le **hábhar** thaifeadadh fuaime déanta ag, agus, nó, curtha i dtaisce le …….. (ainm an togra), atá mar chuimhní an rannpháirtí agus atá mar obair litearthachta faoi mar atá sainmhínithe ag an Acht Cóipchirt agus Cearta Bainteacha, 2000.

Déanann mise, mar úinéir láithreach chóipcheart ábhar an rannpháirtí (i.e. na focail a dúirt an t-agallaí) an cóipcheart sin a dháileadh chuig …….. (ainm an togra).

Tarscaoilim leis seo aon chearta morálta atá i mo sheilbh faoi láthair maidir leis an obair seo ar an tuiscint nach mbainfear úsáid as an ábhar ar bhealach díobhálach agus go dtugtar aitheantas ceart d'údar an tsíntiúis i ngach úsáid a bhaintear as. Tuigim nach bhfuil aon íocaíocht ag dul dom don dáileadh agus don chead seo. Tuigim, agus mo chóipcheart á dháileadh agam, go bhfuil mé ag tabhairt ceart do ……. ……..……ábhar an agallaimh thaifeadta a úsáid agus a chur ar fáil ar na bealaí seo a leanas:

- Úsáid i scoileanna, ollscoileanna, coláistí agus institiúidí oideachais eile, lena n-áirítear
- úsáid i dtráchtas, aiste nó taighde eile dá leithéid.
- Taispeántas, léachtanna nó cainteanna poiblí.
- Úsáid i bhfoilseacháin, lena n-áirítear caiséid chló, fhuaime nó fhíse nó CD ROM
- Cuspóirí um thagairt phoiblí i leabharlanna, músaeim & cartlanna
- Úsáid ar raidió nó teilifís
- Foilseachán domhanda ar an idirlíon

Ar mhaith leat d'ainm a bheith nochtaithe? BA MHAITH/NÍOR MHAITH

Cur síos gearr faoin ábhar atá curtha i dtaisce (má tá sé taifeadta cheana féin ag dream nach (ainm na hinstitiúide cartlainne]é, luaigh ainm an taifeadóra):

……..……

Sínithe: ……. Dáta: ……..……..

(Ainm i mBloclitreacha): ……..……

Seoladh: ..……..……..

……..……...

Cód Poist ……..……..

Fón: ……..……

Rphost: ……..……

[Institiúid Chartlainne] amháin

Sínithe ar son [institiúid chartlainne]

……

(Ainm i mbloclitreacha):

……..

Ábhar: ……..……..

Uimhir: ……..……

© an bhfuil an taifeadadh fuaime dáilithe freisin ?

TÁ/NÍL nó Ní bhaineann

Sampla

Cartlanna Chomhairle Chontae na Gaillimhe
COMHAONTAS TAISCE - TAIFEADADH BÉIL

AN COMHAONTAS SEO déanta ar an lá de 200

IDIR *Cartlanna Chomhairle Chontae na Gaillimhe* agus _____

as _____

_____

ar a dtugtar an tAgallaí as seo amach.

De bhrí go bhfuil cead tugtha ag an Agallaí dul faoi agallamh mar chuid den togra chun taifeadtaí béil a bhailiú bainteach le Togra Stair ó Bhéal. Glacann an tAgallaí leis go mbeidh taifeadadh an agallaimh mar chuid de bhailiúchán stair ó bhéal Chartlanna Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Déanfar an taifeadadh a stóráil sa chartlann. Tá sé tuigthe agus aontaithe go bhféadfadh na cartlanna cuid nó gach cuid den taifeadadh a úsáid,

1. Ar mhaithe le tagairt phoiblí agus cuspóirí taighde chomh fada agus atá an taighde seo le bheith curtha i gcrích ar áitribh na gcartlanna,
2. D'úsáid oideachasúil,
3. Do chuspóirí craoltóireachta,
4. Mar fhoinse eolais a d'fhéadfaí a fhoilsiú mar obair scríofa,
5. An taifeadadh a úsáid ar mhaithe le haon chuspóir eile ag discréid an Chartlannaí,
6. An méid cóipeanna agus a bheadh riachtanach do na húsáidí thuasluaite a dhéanamh den taifeadadh

Faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas (más ann d'aon cheann) *

_____

_____

Anois aistríonn an Comhaontas seo leis seo faoi réir an Chomhaontais ráite agus á macnamh siúd, cearta uile cóipchirt atá ann nó a d'fhéadfadh a bheith in aon cheann nó i ngach ceann de na taifeadtaí (taifeadadh) chuig an gComhairle agus é ar intinn go mbeadh an Chomhairle ina húinéir iomlán ar an taifeadadh luaite agus i dteideal an chóipchirt maidir leis na taifeadtaí go léir, go hiomlán. Chomh maith leis sin, tarscaoileann an tAgallaí gach ceart morálta a d'fhéadfadh a bheith aige/aici faoin Acht Cóipchirt agus Cearta Bainteacha, 2000 agus Acht um Chosaint Taibheoirí nó aon dlí dá leithéid de chuid aon tír sa domhan.

Síniú an Agallaí : _____

Síniú an Agallóra : _____

Sínithe : _____

Do agus ar son Chomhairle Chontae na Gaillimhe

* D'fhéadfadh go mbeadh an t-agallamh faoi réir ainm rúnda, dúnadh poiblí & úsáid roghnach 3ú páirtithe, nó a bheith béadánach nó eolas ann faoi ghníomhaíochtaí mídleathacha neamh-nochtaithe. Caithfidh na Cartlanna a bheith leochaileach go leor chun plé le riachtanais éagsúla rochtana agus an rogha a thabhairt don agallaí taifeadtaí a bheith dúnta ar feadh tréimhse ar leith.

DIOSCA/ ACHOIMRE TÉIPE

Uimhir Téipe/ Diosca: _____

Teideal Togra: _____

Ainm an Agallaí: _____

Dáta Breithe an Agallaí: _____

Ainm an Agallóra: _____

Dáta an Agallaimh: _____

Áit Agallaimh: _____
(Luaigh baile fearainn agus paróiste)

ACHOIMRE TÉIPE

Taobh 1

_____

_____

_____

_____

Taobh 2 (más téip atá i gceist)

_____

_____

_____

_____

LIOSTA DIOSCA / TÉIPE

Uimh. Diosca / Téipe	Ainm	Dáta	Foirm Cheada Sínithe	Diosca / Téip Cóipeáilte	Trascríofa / aistrithe

TÉARMAÍOCHT

DAT Tá cumas de thart fá 20 GB naïve agus 40 GB comhdhlúite ag Téipeanna Fuaime Digiteacha

DLT Déanann Téip Líneach Digiteach taifead ar théip leath-orlaigh i ndlúth-chartúis. Tá ardchumas ag meán Téip DLT suas go 80GB, le saol cartlainne de 30 bliain (faoi réir athnuachan, agus infhaighteacht crua-earra). D'fhéadfadh cumas de 300 GB a bheith ag Téip Super DLT.

DCMI Tionscnamh *Core Metadata* BÁC: is eagraíocht í seo a chinn glacadh forleathan le caighdeáin *metadata* idir-oibríoch a chur chun cinn agus foclóirí speisialta *metadata* a fhorbairt chun cur síos a dhéanamh ar acmhainní a chumasaíonn córais níos intleachtúla Fionnachtana.

DMSS Córais Stórála Meall Digiteach

CD Dlúthdhiosca: is diosca optúil é seo a úsáidtear chun sonraí digiteacha a stóráil, agus a cruthaíodh ar dtús chun fuaim dhigiteach a stóráil. Is CD caighdeánach é, ar a dtugtar CD fuaime go minic chun é a aithint ó chinn níos déanaí, déanann sé sonraí fuaime a stóráil, i bhfoirm a chloíonn le caighdeán an leabhair dheirg.[31]

CD-R Dlúth-dhiosca intaifeadta CD-R (Dlúth-dhiosca intaifeadta): is diosca tanaí (1.2 mm) é seo déanta de pholacarbónáit. Is grúpa ar leith de na teirmphlaisteacha iad na polacarbónáití. Is féidir iad a oibriú, a mhúnlú agus a athrú go héasca. Baintear úsáid astu go minic. Tá dath ar an CD-R in áit miotail. Tá cumas stórála de 74 nóiméad fuaime nó 650 MB nó sonraí ag an CD-R. Chomh luath agus a bhíonn píosa den CD-R scríofa, ní féidir é a scrios nó a athscríobh, rud nach bhfuil cosúil leis an CD-RW (Dlúth-dhiosca Inathscríofa).[32]

CD-ROM Dlúth-dhiosca, Cuimhne do Léamh amháin: is meán sonraí optúla nach bhfuil beoga é seo a bhaineann úsáid as an bhformáid fhisiciúil chéanna leis an CD fuaime, inléite ag ríomhaire ar an tiomáint CD-ROM. Is diosca cothrom plaisteach miotalach atá sa CD-ROM agus eolas digiteach air ar nós bíse ón lár go dtí'n imeall lasmuigh.

[31] http://encyclopedia.thefreedictionary.com
[32] *ibid*

Maighneádach Is réimse de mheán agus soithigh mhaighneádacha lena n-áirítear réimse de Théipeana maighneádacha, meáin cosúil le spóil, cartúis, caiséid agus dioscanna mar shampla dioscanna crua, dioscanna flapacha. Baineann siad go léir úsáid as tréithe maigneádacha d'ábhar miotalach atá crochta i meascán neamh-mhiotalach nó foshraith nó cúlábhar.

Metadata Seo eolas struchtúrtha a chuireann síos ar fhoinsí. Cé go bhfuil na foinsí suimiúil don úsáideoir deiridh; tá an metadata cabhrach do dhaoine nó cláracha a bhíonn orthu eolas mar seo a bhainistiú. De ghnáth, déanann metadata cur síos ar ábhar, cur síos fisiciúil, suíomh, cineál agus cruth an eolais, agus an t-eolas riachtanach do bhainistiú lena n-áirítear stair imirce, dáta as dáta, slándáil, dearbhú, formáidí comhaid agus caidreamh le leaganacha eile.[34]

Imirce Áirítear leis seo cóipeáil ábhar stórálta ón ardán ársa go ceann níos nua, m.sh. téip chaiséid go CD. *Baineann sé le haistriú tréimhsiúil ábhar digiteach ó chumraíocht chrua-earra/bhogearra amháin go ceann eile, ó ghlún teicneolaíocht ríomhaireachta amháin go ceann níos nua.*[35]

Meán Optúil Baineann CD-ROM, CD-R agus DVD-ROM (Diosca Ildánach Digiteach – Cuimhne Léamh Amháin) úsáid as solas léasar chun sraith de shonraí a léamh. Scríobhtar sonraí chuig agus léitear ar ais é le solas léasair.

Ardán Ailtireacht crua-earra agus/nó bogearra. Bhain an téarma le crua-earra amháin ar dtús ach anois déanann sé tagairt go minic don chóras oibriúcháin agus mar sin bheadh an córas oibriúcháin agus an crua-earra i gceist. Mar shampla, nuair a deirtear go bhfuil clár 'ag rith ar ardán Windows; séard atá i gceist nó gur cruthaíodh an clár isteach i dteanga innill Intel x86 agus go bhfuil sé ag rith faoi Windows. Is an x86 a bheadh i gceist mar go bhfuil na céadta milliún x86 Ríomhairí Pearsanta ann. Baineann an téarma le timpeallachtaí bogearra amháin freisin. Baintear úsáid bhabhtála go minic as na téarmaí "ardán" agus "timpeallacht".[36]

[34] Leabharlann Náisiúnta na hAstráile PADI *Preserving Access to Digital Information, Metadata, www.nla.gov.au/padi*
[35] Leabharlann Náisiúnta na hAstráile, PADI *Preserving Access to Digital Information*, Leabharlann Náisiúnta na hAstráile www.nla.gov.au.padi
[36] http://computing-dictionary.thefreedictionary.com/platform

TEAGMHÁLAITHE ÚSÁIDEACHA

Níl i gceist anseo ach liosta eolais agus níor cheart é a thógáil mar liosta iomlán. Ní thacaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe Fóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe le haon chumann nó eagraíocht ar leith.

TEAGMHÁLAITHE ÁITIÚLA CHONTAE NA GAILLIMHE :

Áras Shorcha Ní Ghuairim, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Carna, Co. na Gaillimhe

Séamas Ó Concheanainn, Riarthóir — Rphost: seamas.oconcheanainn@oegaillimh.ie

Dónal Ó Droighneáin — Rphost: donal.odroighneain@oegailimh.ie
Fón: 095 32834

Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh

Marie Mannion, Oifigeach Oidhreachta — Fón: 091 509 198
Rphost: mannion@galwaycoco.ie

Patria McWalter, Cartlannaí — Fón: 091 562 471
Rphost: pmcwalter:@galwaycoco.ie

Páid Ó Neachtain, Oifigeach Forbartha na Gaeilge — Fón: 091 509 325
Rphost: poneachtain@galwaycoco.ie

TEAGMHÁLAITHE NÁISIÚNTA AGUS IDIRNÁISIÚNTA

Coláiste Staidéar Traidisiúnta an Chláir / Oidhreacht an Chláir : Sráid na Cathrach, Co. an Chláir. www.oac.ie

Is institiúid nua ardoideachais é seo chun freastal ar mhic léinn maidir le gach gné de na traidisiúin, stair agus litríocht na hÉireann. Cuireann sé cúrsaí deireadh seachtaine ar fáil a léiríonn forbairt an cheoil, damhsa agus amhráin thraidisiúnta

Comhairle Chomhordaithe de Chumann Chartlanna Clos-amharc (CCAAA)

http://www.ccaaa.org Freastlaíonn an CCAAA ar spéiseanna eagraíochtaí cartlainne gairmiúil ar fud an domhain le spéis in ábhar clos-amharc lena n-áirítear scannáin, craoltóireacht teilifíse agus raidió, agus gach sórt taifeadadh fuaime. Cé go mbíonn muid ag obair leis an earnáil phoiblí den chuid is mó, léiríonn muid réimse leathan spéiseanna trasna na meáin chraoltóireachta, earnálacha na n-ealaíon, na hoidhreachta, oideachais agus eolais.

An Cumann Béaloidis, f/ch The Warburg Institute, Woburn Square, Londain EC1H 0AB www.folklore-society.com. bunaithe i 1878, tá sé tiomnaithe chun staidéar a dhéanamh ar an gcultúr traidisiúnta. Clúdaíonn a spéis agus saineolas ábhar mar ceol, amhrán, damhsa traidisiúnta agus dráma, urlabhraíocht, ealaíona agus ceardaíocht, nósanna agus creidimh.

Cumann Béaloidis na hÉireann f/ch Roinn Bhéaloideas na hÉireann, Coláiste na hOllscoile, Belfield, BÁC 4. Tá sé de chuspóir aige béaloideas a bhailiú, a chaomhnú agus a fhoilsiú in Éirinn. www.bealoideas.ie

Cumann Idirnáisiúnta Fuaime agus Cartlanna Clos-amharc (IASA) bunaithe i 1969 in Amsterdam chun feidhmiú mar mheán do chomhoibriú idirnáisiúnta idir chartlanna a chaomhnaíonn fuaim thaifeadta agus doiciméid chlos-amharc. Tacaíonn sé le heolas a mhalartú agus cothaíonn comhoibriú idirnáisiúnta idir chartlanna clos-amharc sna réimsí go léir. www.iasa-web.org/index.htm

Comhairle Idirnáisiúnta Cartlanna: 60 rue des Francs-Bourgeois 75003 Páras, an Fhrainc http://www.ica.org/. Tá sé de mhisean aige caomhnú agus úsáid chartlainne a chur chun cinn ar fud an domhain. Agus an misean seo á chur chun tosaigh, bíonn an ICA ag feidhmiú chun cuimhne an domhain a chosaint agus a fheabhsú agus cumarsáid a fheabhsú, agus meas ar éagsúlacht chultúrtha ag an am céanna.

Cónaidhm Idirnáisiúnta na gCartlann Scannán (FIAF), 1 Rue Defacqz , B-1000 An Bhruiséil, An Bheilg. www.fiafnet.org/uk. Tugann sé níos mó ná 120 institiúidí le chéile i thar 65 tír a bhailíonn, a athstórálann, a thaispeánann agus a dhéanann doiciméadú ar scannáin le linn stair iomlán na ngluaisphictiúr.

Cumann Idirnáisiúnta Stair ó Bhéal, http://www.ioha.fgv.br/ bunaithe go foirmiúil i Meitheamh 1996 ag an IXú Comhdháil Idirnáisiúnta Stair ó Bhéal i nGöteborg, sa tSualainn. Cuireann an Cumann fóram ar fáil do staraithe béil ar fud an domhain, chun cumarsáid, comhoibriú idirnáisiúnta a chothú agus tuiscint níos fearr faoi nádúr agus fiúntas stair ó bhéal.

Cartlann Cheoil Thraidisiúnta na hÉireann, 63 Cearnóg Mhuirfean, BÁC 2 Bunaithe i 1987, is cartlann thagartha ilmheánach í seo agus ionad acmhainne don amhrán traidisiúnta, ceol uirlise agus damhsa na hÉireann. Is áis phoiblí ní-do-bhrabús í a chuireann oideachas poiblí chun cinn maidir le ceol traidisiúnta na hÉireann tríd a gníomhaíochtaí féin agus a tacaíocht do ghníomhaíochtaí dhreamanna eile. www.itma.ie

Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Corcaigh, Béaloideas & Eitneolaíocht, 3 Elderwood, Bóthar an Choláiste, Corcaigh www.ucc..ie/folklore/ Déanann an Roinn iarracht anailís a dhéanamh ar ábhar Bhéaloideas na hÉireann, a taifeadadh i gcomhthéacs tuaithe agus uirbeach, agus ciall a bhaint as. Tá baint ar leith acu le hobair sheachtrach, sé sin obair staidéir trí bhailiúchán, trascríobh, rangú agus anailís ar thraidisiún béil phobail chomhaimseartha.

Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh, Léann na hÉireann, Bóthar na hOllscoile, Gaillimh www.nuigalway.ie/centre_irish_studies**/**, Is clár foghlama comhtháite idirdhisciplíne atá i gceist le Léann na hÉireann a dhéanann iarracht scrúdú a dhéanamh ar phríomhghnéithe thaithí na hÉireann ina suíomh stairiúil agus comhaimseartha. Bunaíodh Ionad Léann na hÉireann in OÉ, Gaillimh i bhFómhar 2002 agus tá sé tiomnaithe chun taighde agus teagasc, chun cinn, a dhéanamh ar iarrachtaí cultúrtha, sóisialta agus polaitiúla mhuintir na hÉireann, ar oileán na hÉireann agus i bhfad i gcéin. Chomh maith leis sin tá Teastas i mBéaloideas na hÉireann le fáil ón Ollscoil ina hionad, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh), Carna, Co. na Gaillimhe. Tuilleadh eolais ó Dónal Ó Droighneain, Fón 095 32834 donal.odroighneain@oegailimh.ie
http://www.acadamh.oegaillimh.ie/aras_shorcha.html

Cumann Stair ó Bhéal, f/ch Roinn na Staire, Essex University, Colchester C04 3SQ www.ohs.org.uk. Is eagraíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta é seo atá tiomnaithe chun stair ó bhéal a bhailiú agus a chaomhnú.

Cumann na gCartlannaithe Prioyfield House, 20 Canon Street, Taunton, Somerset TA1 1SW. Bunaíodh an Cumann i 1947. Is é an príomheagras gairimiúil do chartlannaithe, caomhnóirí cartlainne agus bainisteoirí taifeadtaí sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. http://www.archives.org.uk/about.html

Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath, Belfield, BÁC 4, Ionad Delargy do Bhéaloideas na hÉireann (iar-Roinn Bhéaloideas na hÉireann) www.ucd.ie/folklore tháinig sé mar chomharba ar Choimisiún Bhéaloideas na hÉireann (1935-1971), a tháinig isteach le Coláiste na hOllscoile BÁC mar Roinn Bhéaloideas na hÉireann i 1971. Chomh maith lena bhfeidhm acadúil déanann Béaloideas na hÉireann riarachán agus caomhnú ar Bailiúchán Náisiúnta Béaloidis agus glacann leis an gcúram gach gné de thraidisiún tíre na hÉireann a bhailiú, a rangú, a staidéar agus a thaispeáint.

LIOSTA LEABHAIR ROGHNACH

Baunm, Willa K.
Oral History for the Local Historical Society, 2ú eagrán ath.,
Nashville, Cumann Meiriceánach um Stair Stáit agus Áitiúil, 1971

Baunm, Willa K.
Transcribing and Editing Oral History, Nashville, Cumann Meiriceánach um Stair Stáit agus Áitiúil, 1977

Bolton, Alec
Interviewing for Oral History at the National Library of Australia: A Short Guide, An Astráil, 1994, ISBN 0 642 0618 5

Breathnach, Breandán
Folk Music and Dances of Ireland, Mercier, Corcaigh, eag. athbh. 1977, le Dlúthdhiosca

Breathnach, Breandán
'Ireland: folk music', alt i *The New Grove Dictionary of Music and Musicians*, Stanley Sadie ed., Macmillan, Londain, 1980

Breatnach, Caoilte
Memories in Time: Folklore of Beithe: 1800-2000, Cumann `Fhorbairt Chomhtháite Thuaithe Beithe, 2003

Buckley, Anthony D.,Ballard, Linda M., & Harkness, Clifford
"Collecting Oral History" A Guide for Teachers and Amateur Historians, Músaem Tíre agus Iompair Uladh, ISBN 0 902588 12 5, n.d.

Carson, Ciarán
Pocket Guide to Irish Traditional Music, Appletree, Béal Feirste 1986

Coles, Robert
Doing Documentary Work, Nua Eabhrac, Oxford University Press, 1997

Conroy, Jane & O Neill, Rosaleen
Oral History and Biography: Women s Studies Review Iml 7., Ionad Staidéar Ban, OÉ, Gaillimh, 1999

Danaher, Kevin, (ed)
A bibliography of Irish ethnology and folk tradition, Mercier Press, 1978

Danaher, Kevin, (ed)
Folk Tales of the Irish Countryside, Mercier Press, 1988

Douglas, Louise et al
Oral History: A Handbook Sydney, Allen & Unwin, 1988.

Egan, Mary, Claffey, Dr Tony Mannion, Marie, & Tannain, Áine
Catching a Flickering Light - A Celebration of Memories,
Togra Oidhreachta agus Béaloidis Áras Mhuire, ISBN 0 9543883 05, 2003

Evan, E. Estyn
Irish Folk Ways, Routledge & Kegan Paul Ltd., Londain 1966

Flood, W.H. Grattan
A History of Irish Music, 1913, 3ú eag. athchló I.U.P., An tSionainn, 1971

Cumann Bhéaloideas na hÉireann
Béaloideas, iris de chuid Chumann Bhéaloideas na hÉireann

An Cumann Béaloidis (RA)
Folklore, Iris an Chumainn Bhéaloidis, Eagarthóir: An tOllamh Patricia Lysaght, Roinn Bhéaloideas na hÉireann, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Gladney, Henry Martin
Audio Archiving For 100 Years and Longer: *Once We Decide What to Save, How Should We Do It?*
Iris de chuid Chumann na hInnealtóireachta Fuaime, Iml. 49, Uimh. 7/8, An Astráil, 2001, Iúil, Lúnasa

Grele, Ronald
Envelopes of Sound: The Art of Oral History, 2ú eag. Nua Eabhrac, Praeger, 1991

Hart, Elisa
Getting Started in Oral Traditions Research. Páipéir thréimhsiúla de chuid Ionad Oidhreachta Phrionsa na Breataine Bige, Uimh. 4, Rialtas na gCeantar Iarthuaisceartach, Yellowknife NT, 1995
ISBN 0-7708-0095-5

Hea O Keeffe, Jane, le taifeadadh de chuid O Keeffe, Maurice
Recollections of 1916 and Its Aftermath, Echoes from History, Trá Lí, Co. Chiarraí, Maurice O Keeffe agus Jane Hea O'Keeffe, 2005

Hunter, Stephen, eag.
Life Journey's Living Folklore in Ireland Today, Corcaigh, Togra Béaloidis an Taoibh Thuaidh, 2000

Cumann Idirnáisiúnta Cartlanna Fuaime agus Clos-amharc (IASA)
ISA Cataloguing Rules, 1999, ISBN 87-7507-252-I

Cumann Idirnáisiúnta Cartlanna Fuaime agus Clos-amharc (IASA),
Páipéir an Choiste Theicniúil, 2001
The Safeguarding of the Audio Heritage: Ethics, Principals and Preservation Strategy, V.2, Meán Fómhair 2001

Cumann Idirnáisiúnta Cartlanna Fuaime agus Clos-amharc (IASA),
An Coiste Teicniúil, (2004)
Guidelines on the Production and Preservation of Digital Objects, eagraithe ag Kevin Bradley, ISBN 8799030918, 2004

Oifig na gCaighdeán Idirnáisiúnta
International Standard Recording Code (ISRC) caighdeánaithe mar ISO 3901:1986

Jamieson, Ronda
Oral History: How to Interview, Perth, Bord Leabharlann Iarthar na hAstráile 1988

Karamanski, Theore
Ethics and Public History: an anthology, Malabr Kreiger Publishing, 1990. Bailiúchán Meiriceánach d altanna faoi cheisteanna eitce

Kelin, Danile
To Feel as Our Ancestors Did: Collecting and Performing Oral Histories, Greenwood Press, 2005

Lysaght, Patricia, eag.
Changing Tastes, Food culture and the processes of Industralisation, BÁC, COBÁC, Ionad Delargy do Bhéaloideas na hÉireann, c. 1999

Mac Coitir, Niall
Irish Trees - Myths, Legends and Folklore, The Collins Press, 2003

Ní Uallacháin, Pádraigín
Hidden Ulster - People, songs and traditions of Oriel, Four Courts Press, 2003

Togra Béaloidis an Taoibh Thuaidh
The Archive, iris de chuid Togra Béaloidis an Taoibh Thuaidh, Corcaigh
(féach www.ucc.ie/research/nfp)

O'Canainn, Tomás
Traditional Music in Ireland, Rutledge & Kegan Paul, Londain, 1978

O'Crualaoich, Gearóid
The Book of the Cailleach, Stories of the Wise-Woman Healer, Corcaigh,
Cork University Press, 2003

O'Dubhghaill, Aodán
A Guide to Irish Folk and Traditional Music on LPs, RTÉ, BÁC 1986

O'Riada, Seán
Our Musical Heritage, Fundúireacht an Riadaigh, BÁC, 1982, le ceirníní

O'Súilleabháin, Seán
Irish Folk Custom and Belief, Coiste Caidrimh Chultúrtha na hÉireann, Three Candles Ltd.,
BÁC (n.d., c. 1968)

O'Súilleabháin, Seán
A Handbook of Irish Folklore, Cumann Bhéaloideas na hÉireann, athchló Londain, 1963

O'Sullivan, Paul eag., Godwin, Nora (leasuithe)
A World of Stone, Life, Folklore and Legends of the Aran Islands,
O'Brien Education, BÁC, n.d (c 1978)

O Toole, Edward
Whist for your Life, That's Treason - Recollections of a Long Life,
Ashfeild Press, n.d. [2003], ISBN 1 901 65830 9

Ó Giolláin, Diarmuid
Locating Irish Folklore – Tradition, Modernity, Identity, Corcaigh, Cork University Press, Corcaigh, 2000

Cumann Stair ó Bhéal (RA)
Oral History, iris de chuid an Chumainn Stair ó Bhéal, RA

Pilling, Patricia L
Oral History: Interviewing the Elderly, Michigan Oral History Council, 1985

Robertson, Berth
Oral History Handbook, 4ú eag., An Astráil, 2000

Robertson, Beth
Oral History Handbook, Adelaide, OHAA, 1994.

Roche, John, (eag.)
Here, There and Everywhere Grúpa Oidhreachta Sheanóirí Óráin Mhóir, Órán Mór 2004

Scott, Michael
Irish Myths & Legends, Warner Books, 1992

Shields, Hugh
A Short Bibliography of Irish Folk Song, Cumann Cheol Tíre na hÉireann, BÁC 1985

Shopes, Linda
What is Oral History? Ón tsraith 'Making Sense of Evidence' ar *History Matters: The U.S. Survey on the Web* http://historymatters.gmu.edu

Thompson, Paul
The Voice of the Past, Oral History, Londain, UK, Oxford University Press, 1988

Ward, Alan with Copeland, P & Dr Perks, R
'Technical Update: Minidisc Versus Cassette', *Oral History*. Iml. 27 Uimh. 2, 1999

Yow, Valerie Raleigh
Record Oral History: A Practical Guide for Social Scientists, Londain: Stage, 1994

NÓTAÍ

Nótaí

Nótaí

Nótaí

Nótaí

Nótaí

Nótaí

Nótaí

GALWAY
COUNTY
HERITAGE
FORUM

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
National University of Ireland, Galway

ACADAMI

GMIT